An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2012

NRA

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

Réamhrá an Chathaoirligh **1**

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh **2**

Caibidil 1: Oibríochtaí agus Cothabháil an Líonra **5**
An Líonra Náisiúnta Bóithre 5
An Líonra Náisiúnta Mótarbhealaí 6
Cothabháil 6
An Clár Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla 6
An tIonad Rialaithe Tráchta ar an Mótarbhealach 7
An Garda Síochána 8
Sábháilteacht ar Bhóithre 8
Seirbhísí Geimhridh 9

Caibidil 2: Feabhsúcháin an Líonra **11**
Mórscéimeanna 11
Mionscéimeanna 12
Córais Faisnéise Geografaí 12
Pábháil 13
Struchtúir 13
Tolláin 14
Comharthaíocht agus Líneáil 14

Caibidil 3: Seirbhísí Taighde agus Speisialtachta **17**
Taighde agus Caighdeáin 17
An tSamhail Náisiúnta Iompair 18
Treoirlínte um Breithmheas ar Thionscadail 19
Pleanáil um Úsáid Talún 20
Seandálaíocht 21
Dolaí 22
An Comhshaol 22

Caibidil 4: Faisnéis faoin Údarás um Bóithre Náisiúnta **25**
Bunú agus Sainchúram 25
Seirbhís do Chustaiméirí 25
An Ghaeilge 25
Inrochtaineacht 25
Tuairisciú um Éifeachtúlacht Fuinnimh i measc
Comhlachtaí den Earnáil Phoiblí 26
Rialachas Corparáideach 26
Bainistíocht Riosca 27
Tuairisceáin Mhearíocaíochta 27
Freastal Chomhaltaí Boird an NRA ar Chruinnithe an Bhoird 27
Ráitis Airgeadais 28
Bord an Údaráis um Bóithre Náisiúnta 50
Iniúchadh agus an Coiste Iniúchta 51

NRA
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

Réamhrá an Chathaoirligh

Le haon bhliain déag anuas, tá cuid de na hathruithe ba stairiúla feicthe agam féin, mar Chathaoirleach an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (NRA), i líonra bóithre náisiúnta na hÉireann. Tá feabhas suntasach tagtha ar an líonra a aithneoidh na glúine amach anseo.

Baineadh an claochlú amach trí mheascán de thréancheannaireacht, pleanáil mhaith, infheistíocht straitéiseach agus tiomantas chun tabhairt faoi dhualgais. Theastaigh féachaint chun cinn chun plean dána a chur ar na bacáin a nascfadh gach mórionad uirbeach ar oileán na hÉireann le Baile Átha Cliath. Mar aon le próiseas pleanála a chuir san áireamh buarthaí na bpobal áitiúil agus náisiúnta araon, agus bainistíocht dhisciplínithe na hinfheistíochta ar son an cháiníocóra Éireannaigh, ár gcomhpháirtithe AE agus ár bpobail phríobháidigh airgeadais, d'éirigh leis an Údarás 1,000km de mhótarbhealach mar aon le débhealach ardchaighdeáin a leagan laistigh de dheich mbliana.

Ba spreagúil dom an t-éacht singil seo i dteannta an uasghrádaithe agus na hinfheistíochta leanúnaí ar fud an líonra iomláin príomhbhóithre agus bóithre den dara grád a fheiceáil agus b'onóir dom aithne a bheith agam ar na fir agus na mná agus oibriú leo tar éis gur bhain siad an rath seo amach trína n-ardchaighdeáin ghairmiúla agus trína dtiomantas do shármhaitheas.

Ar an ábhar sin, ar son mo chomhbhall den bhord, a bhfuil sé de phribhléid agam oibriú leo le haon bhliain déag anuas, is mian liom buíochas a ghabháil le foireann uile an Údaráis, atá faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, Fred Barrry, agus leis na comhghleacaithe laistigh de na húdaráis áitiúla, na comhairligh speisialtóra agus an pobal mór tógála as ucht a ngairmiúlachta, a dtiomantais agus a ndúthrachta agus an oiread sin a bhaint amach le linn mo thionachta mar Chathaoirleach. Guím rath leanúnach ar gach uile dhuine díobh.

Peter Malone
Cathaoirleach (2002-2012)

NRA
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Beidh an ghéarchéim airgeadais ag leanúint ar feadh cúig bliana i mbliana agus is é an tionchar carnach atá ar an Údarás go bhfuil laghdú tagtha ar na leibhéil tráchta; tá mórlaghdú ar chistiú d'fheabhsú agus do bhainistiú an líonra agus tá an líon foirne laghdaithe chomh maith.

Tá an cistiú atá ar fáil don Údarás chun tabhairt faoina ndualgais in 2013, i ndiaidh go dtéitear i ngleic le ceanglais, faoi bhun iad siúd a theastaíonn le tabhairt faoin obair riachtanach uile athchóirithe, agus ní bheidh dóthain ann chun aon scéimeanna nua feabhsúcháin a chistiú, bíodh siad beag nó mór, seachas iad siúd de chuid na gComhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna).

Ina ainneoin sin, is ann go fóill do chúiseanna chun bheith dóchasach faoi na blianta amach romhainn. Tá an Rialtas tar éis a dtiomantas a thabhairt do thionscnamh borrtha a áiríonn thart ar €1.3 billiún de scéimeanna atá le forbairt mar CPPanna. Nuair a chuirtear iad seo san áireamh le scéimeanna eile, atá/a bheidh á dtógáil faoi láthair, tá súil againn chun mórscéimeanna feabhais a thógáil de luach measta €1.6 billiún sa tréimhse 2013-2016, mar aon le €1 billiún de chothabháil, athnuachan agus mionoibreacha feabhais ar fud an líonra náisiúnta bóithre.

Ina theannta sin, áireofar le clár oibre an Údaráis le haghaidh 2013 an méid a leanas:

- Glacadh le freagracht dhíreach as cothabháil agus as athchóiriú na ndébhealaí.
- An conradh oibríochtaí tolláin a atairiscint, a áireoidh ár n-ionad bainistíochta tráchta agus oibríochtaí dola ag Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath.
- An conradh bainistíocht idir-oibritheacht dolaí a atairiscint agus déileáil le forbairtí a eascraíonn as an Treoir Eorpach maidir le Dolaí Leictreonacha.
- Tógáil a thosú ar scéim Chrois an Fhearainn Nua agus an Inbhir Mhóir-Ráth Naoi, agus, má chuirtear breis cistiú ar fáil, ar scéim an N17/N18 ón nGort go dtí Tuama (scéimeanna CPP araon).
- Cúig mhórscéim agus tríocha a trí mions céim feabhais a thógáil.
- Tabhairt faoi imscrúduithe sábháilteachta ar fhad suntasach den líonra, amhail a chean glaítear faoin Treoir ón AE maidir le Bonneagar Bóithre.

Ba mhian liom buíochas a ghabháil lenár nAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Leo Varadkar, T.D., an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mo Chomhbhaill den Bhord agus, go háirithe, ár nIar-Chathaoirleach, an tUasal Peter Malone, dá thiomantas agus tacaíocht le himeacht na mblianta. Ina theannta sin, is mian liom fáilte a chur roimh ár gCathaoirleach nua, an tUasal Cormac O'Rourke, ar son an Údaráis.

Tá sé tábhachtach dlúthchaidreamh oibre an Údaráis leis na húdaráis áitiúla a aithint, lena mbaineann feidhm lárnach maidir lenár gcumas chun an líonra bóithre náisiúnta a chothabháil agus a choimeád. Ina theannta sin, is mian liom an iomaí soláthróir seirbhíse agus conraitheoir a aithint agus buíochas a ghabháil leo as ucht feidhm chomh lárnach sin a bheith acu inár ngnó laethúil.

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

"Tá an tÚdarás freagrach as oibriú, cothabháil, athnuachan agus feabhsú sraith éagsúil sócmhainní bóthair a chruthaíonn an líonra náisiúnta bóithre i dteannta a chéile."

Caibidil 1

Oibríochtaí agus Cothabháil an Líonra

An Líonra Náisiúnta Bóithre

Tá méadú céimnitheach tagtha ar fheidhm dhíreach an Údaráis in oibriú agus i gcothabháil an líonra náisiúnta bóithre le himeacht na mblianta ó bu-naíodh an tÚdarás faoi théarmaí Acht na mBóithre, 1993. Sonraíodh teacht chun cinn na feidhme seo níos mó le blianta beaga anuas ná mar a sonraíodh riamh, nuair a cuireadh i gcrích an mórlíonra mótarbhealaí idiruirbeacha agus leis an gceanglas chun píosaí fíor-chasta de bhonneagar bóthair a bhainistiú.

Tá an tÚdarás freagrach as oibriú, cothabháil, athnuachan agus feabhsú sraith éagsúil sócmhainní bóthair a chruthaíonn an líonra náisiúnta bóithre i dteannta a chéile. Ar thaobh amháin den phingin, is éard atá ann ná mótarbhealaí nua-aimseartha a tógadh le déanaí ar a bhfuil pábháil bhóthair, struchtúir dhroichid agus gnéithe eile atá dea-dheartha agus go hiomlán sonraithe agus a chomhlíonann na caighdeáin deartha is déanaí. Ar an taobh eile den phingin, tá againn na bealaí leagáide ísealmhéide - na bealaí náisiúnta cósta den dara grád go príomha, a tháinig chun cinn le himeacht aimsire agus nach gcomhlíonann caighdeáin nua-aimseartha tríd is tríd, i dtaobh ailíniú, trasghearrtha nó struchtúr pábhála. Go hachomair, bainistíonn an tÚdarás dhá líonra ar leith agus éagsúla agus tá orainn anois, níos mó ná riamh, glacadh le cur chuige sainiúil agus oiriúnach i leith bhainistiú na líonraí seo.

Is iad na croíshócmhainní ar an líonra ár bpábháil agus ár struchtúir dhroichid, agus is ionann iad seo agus thart ar 90% den luach sócmhainne thart ar €31 milliún. Sa bhreis air sin, bainistímid réimse sócmhainní eile, lena n-áirítear:

- Marcáil Bóthair;
- Comharthaíocht Bhóthair;
- Bacainní Sábháilteachta;
- Stáisiúin Aimsire an Gheimhridh;
- Trealamh Córas Cliste Iompair, ar nós Comharthaí Ilteachtaireachta, ceamaraí CCTV agus áiritheoirí tráchta;
- Sconsaí agus bacainní torainn;
- Lintéir agus íosbhealaí;
- Córais draenála;
- Línte agus líneáil;

Léiríonn teacht chun cinn fheidhm an Údaráis an t-aistriú faoinar thug rialtais eile bhóithre mar gheall gur aistríodh a n-aidhm go príomha ó thabhairt faoi fhorbairt líonraí nua bóithre go dtí aidhm a bhí dírithe ar bhainistiú, cothabháil agus oibriú a líonra.

An Líonra Náisiúnta Mótarbhealaí

Is gnách go dtugtar faoi oibreacha oibrithe agus cothabhála mótarbhealaigh i dtimpeallacht tráchta ardluais agus ardmhéide; is dúshlánach dúinn seo a dhéanamh agus teastaíonn scileanna speisialtóra uainn. Bhain an tÚdarás agus na húdaráis áitiúla comhaontú amach in 2012 go nglacfadh an tÚdarás freagracht dhíreach as gach gníomhaíocht chothabhála, athnuachana agus oibríochta ar an líonra mótarbhealaí ó 2013 i leith.

Roinneadh an tír ina trí réigiún ar mhaithe le cuspóirí oibríochtúla, agus tá conradh ar leith ilbhliana á ligean le haghaidh gach réigiúin. Is éard atá ar intinn leis seo go ndéanfar bainistíocht ar an líonra iomlán mótarbhealaigh – CPP agus neamhCPP i leith caighdeán comhsheasmhach agus costéifeachtúil.

Tá roinnt iostaí á bhforbairt ag an Údarás le haghaidh na gconraitheoirí, ach seachas sin, déanfaidh na conraitheoirí a dtrealamh agus a n-áiseanna féin a sholáthar chun cabhrú leis an líonra mótarbhealaí a chothabháil.

Cothabháil

Tabharfaidh conraitheoirí a gheobhaidh an tÚdarás go díreach bainistíocht agus cothabháil an líonra mótarbhealaí/débhealaí in 2013. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbeidh na húdaráis áitiúla aonair freagrach as cothabháil fhuílleach an líonra.

Is é bunchuspóir chothabháil an líonra náisiúnta bóithre:

- a chinntiú go mbíonn seirbhís leanúnach ar fáil do na húsáideoirí éagsúla;
- a chinntiú go gcoimeádtar bail shábháilte agus chomhsheasmhach ar an mbóthar agus go mbíonn ag an mbóthar na gnéithe a mbeifí ag súil leis agus aird ar chatagóir an bhóthair;
- luach sócmhainne caipitiúla an líonra a chaomhnú.

An Clár Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

D'iontráil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTS) agus an tÚdarás i gcomhaontú i Meán Fómhair 2009 ar iarraidh an Aire, ina dtabharfadh an tÚdarás faoi roinnt príomhdhualgais bhainistíochta agus riartha le lámh chúnta a thabhairt dóibh i riar an chláir bhóithre áitiúla agus réigiúnacha. Is é €344 milliún an méid infheistíochta atá beartaithe ag an DTTS le haghaidh 2013. Caitear seo de ghnáth ar oibreacha cothabhála agus athchóirithe, mar aon le roinnt infheistíocht chaipitiúil i scéimeanna nua, nuair a cheadaítear amhlaidh.

Is iad na príomhlimistéir ina mbíonn baint ag an Údarás:

- Bainistíocht agus riar an chórais bhliantúil deontas agus íocaíochtaí;
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn airgeadais le linn na bliana;
- Íocaíochtaí a dhéanamh le húdaráis áitiúla;
- Casadh le húdaráis áitiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar a gcláir oibreacha agus chun tabhairt faoi imscrúduithe rialta ar na scéimeanna ar leibhéal na talún;
- Cúnamh teicniúil a chur ar fáil d'údaráis áitiúla agus cabhrú leo, sa chás gur féidir, i bhforbairt scéimeanna straitéiseacha agus scé imeanna eile móra sonracha feabhais;
- Ciorcláin nó meabhráin theicniúla a eisiúint do na húdaráis áitiúla faoi mar a theastaíonn.

Sa mhullach air sin, in 2011, choimisiúnaigh an tÚdarás suirbhé nua ar bhail na pábhála le haghaidh gach ceann de na bóithre réigiúnacha in Éirinn. Rinneadh imscrúdú ar thart ar 13,00km de bhóithre réigiúnacha trí leas a bhaint as feithiclí próifíl dromchla bóthair agus bailíodh sonraí fairsinge um bail an bhóthair i bhfoirm an Innéacs Idirnáisiúnta Gairbhe (IRI), Mheándoimhneacht na Próifíle, Doimhneacht Sclaige, Scrioma Comhéifeachtach, sonraí físeáin, agus córas nua um rátáil amhairc (PCI).

Tá na sonraí uile seo anois curtha ar fáil do na húdaráis áitiúla chun cabhrú leo oibreacha a roghnú agus tosaíocht a dhéanamh díobh dá gcláir éagsúla oibreacha. Ina theannta sin, chuir an tÚdarás léarscáiliú téamach ar fáil i bhfoirm luachanna IRI agus PCI.

Cabhróidh an tÚdarás leis na húdaráis áitiúla chun na sonraí seo a úsáid, sa chás go dteastaíonn siad. Níl sé beartaithe chun tabhairt faoi aon staidéir bhreise ar bhóithre neamhnáisiúnta in 2013, mar gheall go bhfuil fáil anois ar shonraí leordhóthanacha chun cláir oibreacha a phleanáil le haghaidh an líonra bóithre réigiúnacha.

An tIonad Rialaithe Tráchta ar an Mótarbhealach

Is cuid ríthábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar an líonra agus cumarsáid a dhéanamh le húsáideoir na bóithre de na hoibríochtaí laethúla líonra agus is ceanglas anois é a leag an AE síos.

Leagtar amach i dTreoir 2010/40/AE cuspóirí d'fhorbairt agus d'úsáid Córais Chliste Iompair (ITS) laistigh den Aontas Eorpach. Leagann sé amach roinnt gníomhaíochtaí tosaíochta maidir le húsáid ITS agus leagann Airteagal 6 spriocdháta an 27 Feabhra 2013 amach le haghaidh ghlacadh na sonraíochtaí do cheann amháin nó níos mó de na gníomhartha tosaíochta seo.

D'éirigh leis an Údarás níos mó a bhaint amach roimh an spriocdháta go sonrach in dhá phríomhlimistéar:

- sonraí agus nósanna imeachta le haghaidh soláthar, nuair is féidir, d'fhaisnéis uilíoch tráchta lena mbaineann sábháilteacht ar bhóithre saor in aisce d'úsáideoirí;
- soláthar seirbhísí faisnéise d'áiteanna páirceála sábháilte agus slána do thrucailí agus feithiclí tráchtála.

Chuir Ionad Rialaithe Tráchta Mótarbhealaigh an Údaráis (MTCC), atá lonnaithe i dTollán Chalafort Bhaile Átha Cliath, tús le hoibríochtaí in 2011. Is é a bhunchuspóir chun monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí tráchta agus chun úsáideoirí bóthair a chur ar an eolas, trí Chomharthaí Ilteachtaireachta (VMS) agus foláirimh ríomhphoist, d'imeachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt orthu, a chuireann ar a gcumas acu cinntí oiriúnacha taistil a dhéanamh.

Ina theannta sin, oibríonn an tIonad Rialaithe Tráchta go díreach leis na húdaráis ábhartha áitiúla, Oibreoirí CPP, na Conraitheoirí um Chothabháil agus Athnuachan Mótarbhealaigh a fhógrófar go luath agus gach páirtí leasmhar eile i gcás cur isteach mór ar an líonra. Déanann an MTCC monatóireacht ar thrácht ar an M50 agus ar na bóithre mórthimpeall atá i ngar leis a ghabhann chuige ón líonra náisiúnta bóithre, mar aon le Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus Tollán Jack Lynch trí leas a bhaint as a gcóras CCTV. I rith 2013, beidh feabhsúcháin leanúnacha chórais ar bun a mhéadóidh cuimsiú ar an M50 agus feadh na mbóithre mórthimpeall.

Sa mhullach ar mhonatóireacht a dhéanamh ar an trácht, rinne an tIonad Rialaithe Tráchta bainistiú ar glaonna ó 1,200 Guthán Freagartha Éigeandála (ERT). De ghnáth, faightear breis agus 200 glao gach mí ó úsáideoirí bóithre, a iarrann ar chúnamh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear tuairt feithicle, cliseadh feithicle nó feithiclí tar éis a mbreosla go léir a úsáid a thuairisciú nó treoracha a lorg. Tá gach guthán ar an líonra geothagartha ionas gur féidir leis an oibreoir láthair chruinn an ghutháin a shainaithint feadh an bhealaigh, lena n-áirítear treo an taistil, agus bítear in ann láthair chruinn a thabhairt don duine a chuireann an glao agus, más gá, do na seirbhísí tarrthála nó éigeandála.

In 2013, beidh an córas Uathoibríoch Braite Teagmhais á thabhairt isteach ar an M50. Braithfidh an córas seo go huathoibríoch scuainí atá á gcruthú ar an mótarbhealach agus cuirfidh sé ar chumas an MTCC fógra luath a thabhairt d'úsáideoirí bóithre i leith teagmhas atá níos faide ar aghaidh. Sa mhullach air sin, beidh an fhaisnéis faoi Am Taistil á fhairsingiú ag an MTCC trí am aistir a chur ar fáil d'úsáideoirí bóithre ar an M2, M3, M4, M6, M7 agus M9.

Áirítear leis an trealamh a úsáidtear, VMS leictreonach, ceamaraí CCTV agus ceamaraí Aitheantais Uathoibríoch Phláta Clárúcháin (ANPR). Faoi láthair, tá 87 comhartha VMS, 62 ceamara CCTV agus 140 ceamara ANPR ar an líonra.

Chun teacht ar bhreis faisnéise ar Sheirbhísí Faisnéise Taistil, tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Údaráis: www.nratraffic.ie.

An Garda Síochána

Tá go leor rudaí cosúla idir gníomhaíochtaí an Gharda Síochána agus an Údaráis. I measc na limistéar seo tá bainistíocht tráchta, bainistíocht teagmhais agus éigeandála agus luasteorainneacha.

Le roinnt blianta anuas, d'fhorbair an tÚdarás córas léarscáilithe Bealach Malairt Slí do na mórbhealaí idiruirbeacha agus táthar freisin ag oibriú le cáipéisíocht náisiúnta treorach a fhorbairt chun déileáil le teagmhais ar líonra an mhótarbhealaigh ardluais agus an débhealaigh.

Mar gheall ar an MTCC a bhunú agus leibhéil shuntasacha de Chórais Chliste Iompair a sholáthar, lena n-áirítear VMS agus ERT, tá an tÚdarás in ann bheith níos réamhghníomhaí i dtaobh tacaíocht agus cabhair a sholáthar do ghníomhaíochtaí an Gharda Síochána ar na codanna níos gnóthaí den líonra bóithre náisiúnta.

Sábháilteacht ar Bhóithre

eIarradh ar an Údarás chun glacadh le breis freagrachtaí trí thrasuíomh na Treorach ón AE maidir le Bainistíocht Sábháilteacht Bhonneagar Bóithre.

Trasuíodh an treoir go dlí na hÉireann in 2011. Bhí go leor gnéithe den treoir seo mar chuid den tírdhreach um shábháilteacht ar bhóithre in Éirinn le go leor blianta anuas. Cuimsítear na caighdeáin reatha seo a forbraíodh, mar aon le caighdeáin nua chun cur i bhfeidhm na treorach a éascú, i gcáipéis ar a dtugtar Nósanna Imeachta Bainistíocht Sábháilteachta ar Bhóithre le haghaidh Bóithre Náisiúnta in Éirinn ('Road Safety Management Procedures for National Roads in Ireland'), a cuireadh faoi bhráid an AE i mBealtaine 2012. Cuimsítear inti caighdeáin do na limistéir a leanas:

- Bainistíocht Sábháilteachta an Líonra HD 15/12
- Imscrúdú ar Bhearta Sealadacha Sábháilteachta HD 16/12
- Imscrúdú ar Shábháilteacht ar Bhóithre HD 17/12
- Measúnú Tionchair ar Shábháilteacht ar Bhóithre HD 18/12
- Iniúchadh ar Shábháilteacht ar Bhóithre HD 19/12

Cuimsíonn na cáipéisí seo na nósanna imeachta um bainistíocht sábháilteachta ar bhóithre ar an mbonneagar in Éirinn agus ar bhóithre náisiúnta. Déanann siad cur síos ar fheidhmeanna agus ar fhreagrachtaí iad siúd a oibríonn i mbainistíocht sábháilteachta ar bhóithre agus tugann siad breac-chuntas ar na nósanna imeachta atá le leanúint chun dul i ngleic le riachtanais na treorach.

Tá coinne leis go dtabharfar i gcrích an chéad bhabhta d'imscrúduithe ar shábháilteacht ar bhóithre, i gcomhlíonadh na treorach, faoi dheireadh 2013. Cruthóidh na moltaí a eascróidh ó na himscrúduithe seo an bonn do na cláir oibreacha innealtóireachta sna blianta amach romhainn.

Faoi Achtanna na mBóithre, tá an tÚdarás freagrach freisin as faomhadh mionathruithe luasteorann ar an líonra náisiúnta bóithre. Tá an tÚdarás, faoi láthair, mar chuid de Ghrúpa Athbhreithniú Luasteorann, ina bhfuil an Garda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, na húdaráis áitiúla agus an Comhlachas Gluaisteán (AA), i dteannta an Údaráis. Cuireadh an grúpa seo i bhfeidhm, ar iarraidh an Aire, chun athbhreithniú a dhéanamh ar luasteorainneacha ar gach bóthar náisiúnta den dara grád, gach bóthar réigiúnach agus gach bóthar áitiúil.

Is é sainchúram an Ghrúpa scrúdú a dhéanamh ar cheist iomlán luasteorainneacha a shocrú agus comharthaíocht luasteorainneacha ar fud na tíre. Tá an méid seo le creatlach reachtaíochta a áireamh, a rialaíonn luasteorainneacha, oiriúnacht na dteorainneacha reatha, comharthaíocht na dteorainneacha seo, baint amach teorainneacha comhsheasmhacha ar fud na tíre agus foilsiú tuarascála faoi dheireadh 2013.

Seirbhísí Geimhridh

Is é cuspóir na seirbhísí a chinntiú, a mhéid is féidir agus is indéanta, gur féidir bóithre náisiúnta straitéiseacha a úsáid ar bhealach sábháilte, éifeachtúil, tíosach agus inmharthana ó thús deireadh thréimhse an gheimhridh tríd an tionchar contúirteach a bhíonn ag aimsir an gheimhridh ar an líonra a laghdú. Baintear é seo amach tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- comhordú lárnach oibríochtaí sheirbhís an gheimhridh;
- cúnamh straitéiseach déanta cinntí le linn an •
- gheimhridh a sholáthar;
- bainistíocht láraithe salainn.

Comhordaíonn an tÚdarás go lárnach seirbhísí geimhridh lena chinntiú go gcuirtear oibríochtaí ar fáil ar bhealach comhsheasmhach agus oiriúnach ag 34 údarás áitiúil go náisiúnta. Baintear é seo amach tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- caighdeáin a leagan amach trí fhoilsiú lámhleabhar seirbhís gheimhridh agus theimpléid phlean seirbhíse an NRA;
- pleananna seirbhís gheimhridh a fháil agus a athbhreithniú;
- monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí geimhridh faoina dtugann údaráis áitiúla agus seirbhísí cothabhála mótarbhealaigh le comh sheasmhacht a chinntiú;
- cistiú a chur ar fáil d'údaráis áitiúla ar mhaithe le thart ar 37 leatóir salainn agus 56 céachta sneachta (a mhéadaíonn na líonta iomlána go dtí 303 agus 255 faoi seach);
- cistiú a chur ar fáil d'oibríochtaí leanúnacha bliantúla geimhridh (leathadh salainn);
- bheith mar óstach ar chomhdháil seirbhís gheimhridh an NRA.

Is iad na cuspóirí do chlár Seirbhísí Geimhridh 2013:

- lámhleabhar seirbhís gheimhridh an NRA a chur i gcrích agus glacadh leis;
- leanúint agus tabhairt faoi athbhreithnithe plan seirbhís gheimhridh le húdaráis áitiúla agus monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí lena chinntiú go ndéantar na leibhéil chuí de sheirbhís a sholáthar;
- Cothabháil Mótarbhealaigh agus Conradh Athnuachana a thabhairt isteach ina bhfuil seirb hís gheimhridh ar dhébhealaí agus ar chodanna mótarbhealaigh ina gné lárnach;
- leanúint le hoibríochtaí bliantúla geimhridh a chistiú in údaráis áitiúla;
- leanúint le bheith mar óstach ar an gcomhdháil bhliantúil seirbhís gheimhridh..



"Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an líonra a uasghrádú le blianta beaga anuas, ach ní bhaineann go leor den líonra leagáide na caighdeáin amach go fóill agus teastaíonn feabhsú uaidh."

Caibidil 2

Feabhsúcháin an Líonra

Is éard atá sa líonra bóithre náisiúnta 5,413km de bhóithre poiblí idir bhóithre débhealaigh shingil agus bhóithre tuaithe agus mhótarbhealach. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an líonra a uasghrádú le blianta beaga anuas, ach ní bhaineann go leor den líonra leagáide na caighdeáin amach go fóill agus teastaíonn feabhsú uaidh.

Mórscéimeanna

Is ionann a leanas stádas na scéimeanna leanúnacha feabhais:

Críochnaíodh dhá Mhórscéim in 2012:

- N5 Sheachbhóthar an Longfoirt
- N52 Dhroichead na Carraige-Bhaile Uí Dhálaigh

Bhí cúig Mhórscéim á dTógáil in 2012:

- N3 Sheachbhóthar Béal an Tairbirt
- Deighilt Gráid N4 na nDúnta
- N5 Sheachbhóthar Bhealach an Doirín
- N40 Acomhail Chuarbhóthar Theas Chorcaí
- N22/69 Sheachbhóthar Thrá Lí

Mórscéimeanna a mheastar a Thosóidh in 2013:

- Tá N11 Chrois an Fhearainn Nua agus scéim an Inbhir Mhóir-Ráth Naoi tar éis ardchéim sholáthair a bhaint amach agus meastar go mbainfear dúnadh airgeadais amach in 2013.
- Tá scéim N17/18 an Ghoirt-Thuama ag dul chun cinn go maith maidir le soláthar, agus tá an rogha forthairgeora i bhfeidhm, ach tá seo faoi réir cistiú.

Mórscéimeanna atá á mBeartú:

Tá laghdú suntasach tagtha ar an líon scéimeanna atá á bpleanáil go gníomhach le blianta beaga anuas, ach dá ainneoin sin, tá leibhéal suntasach gníomhaíochta fós ar bun. Seo a leanas liosta de na mórscéimeanna atá á bpleanáil.

- N22 Sheachbhóthar Bhaile Bhuirne-Mhaigh Chromtha
- N4 Chúil Mhuine-Bhéal Átha na gCarraigíní
- N5 Chathair na Mart-Thurlaigh
- N6 Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe
- N725 Acomhal Dhún Citil
- N7 an Náis/Dhroichead Nua
- N14 Leitir Ceanainn-Leifir
- N14/15 go dtí Nasc an A5
- N56 Thamhnach an tSalainn-Inbhir
- N56 An Chlócháin Léith-na nGleannta
- N59 Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn
- N59 an Chlocháin-Uachtar Ard
- N5/26/58 Thurlaigh-Both Chomhla
- N59 Chathair na Mart-an Mhala Raithní
- N86 Sheachbhóthar Lios Tuathail
- N69 Thrá Lí-an Daingin

Mionscéimeanna

Tá 33 mionscéim á dtógáil faoi láthair, ar a bhfuil comhluach scéime thart ar €100 milliún. Cuirfear mórchuid na scéimeanna seo i gcrích in 2013.

Tá 30 mionscéim sa bhreis ann ina gcuirfear pleanáil agus dearadh chun cinn, agus in go leor cásanna, chun críche, in 2013 d'fhonn go mbeidh clár mion-scéimeanna ar fáil lena thógáil de réir mar a bhíonn fáil ar chistiú.

Córais Faisnéise Geografaí (GIS)

Tá teicneolaíocht GIS in úsáid ag an Údarás le breis agus deich mbliana i gcur i láthair agus in anailís ar fhoirmeacha éagsúla sonraí. Le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh agus ar an úsáid a bhaintear as cumas GIS, go háirithe mar iarmhairt de thabhairt isteach bainistíocht nua sócmhainní agus córais eile. Ar bhonn méadaitheach, is gá dúinn faisnéis a scaipeadh agus a chur i láthair ar bhealach spásúil.

Leagfaidh cur i bhfeidhm an Chórais nua Bhainistíocht Pábhála agus tabhairt isteach conarthaí Cothabháil agus Athnuachan Mótarbhealaigh, go háirithe, breis éilimh ar ár n-acmhainní GIS.

Le blianta beaga anuas, thacaigh ár gcórais GIS le réimse gníomhaíochtaí éagsúla laistigh den Údarás agus in 2013, leanfaidh siad le tacú le réimse gníomhaíochtaí ar fud na heagraíochta mar aon le tabhairt faoi líon tionscnamh a dhíríonn ar fheabhsúcháin líonra.

Pábháil

Baintear den phábháil agus téann sí i léig i ngeall ar ualú leanúnach tráchta agus ar nochtadh do luaineachtaí sa teocht agus i gcion taise; féadfaidh pábháil líon lochtanna feidhme agus struchtúrtha a léiriú dá dheasca sin chomh maith. Ina measc seo tá:

- rianú ag lorg rothaí;
- gairbhe a mhéadú;
- scoilteadh;
- caillteanas um sheasmhacht sciorrtha.

Tugann an tÚdarás faoi shuirbhéanna bliantúla ar bhail an líonra. Is éard a bhíonn i gceist leis na suirbhéanna seo an bhail a thomhas agus a thaifeadadh atá ar an líonra iomlán bóithre náisiúnta trí leas a bhaint as feithiclí speisialaithe a iompraíonn fearais léasair, físeáin agus gheothagartha. I measc na dtomhas a ghlactar tá próifíl bhóthair (ar bhonn trasnach agus faid), rianú ag rothaí, scoilteadh agus dul i léig eile a bhíonn le sonrú go minic.

In 2013, tabharfaidh an tÚdarás faoi shuirbhéanna Radar Treáiteach Talún chun lorgscanadh níos fearr a dhéanamh ar struchtúr pábhála ár mbóithre leagáide níos sine, d'fhonn samhlú a mbaile a fheabhsú agus chun riachtanais forleagain/ chothabhála a thuar amach anseo.

Struchtúir

Tá thart ar 2,500 struchtúr droichid ag an líonra bóithre náisiúnta. Tagann difríochtaí suntasacha chun cinn i saintréithe droichead ar an líonra stairiúil bóithre i leith an líonra nua-aimseartha mótarbhealaigh. Is í an bhundifríocht gurb éard atá sa líonra stairiúil den chuid is mó ná droichid stua, cé nach ann d'aon droichead stua ar an líonra mótarbhealaí. Mar thoradh air sin, teastaíonn breis monatóireachta agus imscrúdú leanúnach ón líonra droichid stua stairiúla.

Dearadh ár ndroichid nua-aimseartha uile, a tógadh ó 1980 i leith, de réir caighdeáin nua-aimseartha agus féadfaidh siad freastal ar ualaigh feithicle i bhfad níos troime ná iad siúd a fhorordaítear i gcaighdeáin reatha an AE.

I gcás struchtúir níos sine, ní mór measúnú a dhéanamh ar an gcumas iompair ualaigh ar bhonn shamhlú matamaiticiúil an struchtúir.
I gcás struchtúir áirithe, d'fhéadfadh tarraingtí agus taifid eile bheith ar fáil chun cabhrú leis an anailís struchtúrtha; ach is gnách nach ann do mhórán de na struchtúir sin ach chomh beag. I gcás thromlach na seanstruchtúr, tá ar an anailís brath ar thomhais agus ar shonraí réimse a fuarthas ó imscrúduithe suímh. Dá thoradh sin, is gá córas bainistíochta agus monatóireachta a chur i bhfeidhm do na struchtúir dhroichid siúd ar a ndéantar measúnú amhail gan bheith ar chaighdeán nua-aimseartha ar bhonn 'sealadach'. Cuireann an tÚdarás próiseas bainistíochta i bhfeidhm do na struchtúir siúd ina bhfuil baint ag monatóireacht, minicíocht mhéadaithe phríomh-imscrúdaithe agus, nuair a theastaíonn sé, ionadú le struchtúir nua dhroichid.

I Márta 2012, bhunaigh an tÚdarás Comhaontú nua Creatlaí do sheirbhísí comhairleoireachta lena mbaineann príomh-imscrúduithe agus bailiú fardail gach droichead réigiúnach bóthair agus droichid thar bhóithre áitiúla a roghnaítear. Mairfidh an chreatlach seo ar feadh trí nó ceithre bliana. Is éard a chiallóidh na fardail a chruthófar ón tionscnamh seo go mbeidh córas singil ann chun an bhail atá ar shócmhainn an droichid a dheimhniú agus go mbeidh foirm chaighdeánach ann chun lochtanna a chatagóiriú agus a thuairisciú.

Cuireann an tÚdarás cáipéisí teimpléid ar fáil do na tairiscintí, cuireann siad oiliúint ar fáil ar úsáid na gcáipéisí caighdeánacha seo, agus déanann siad bainistiú ar an gclár ar leibhéal lárnach. Bronnadh ceithre chonradh déag in 2012, agus leanfaidh roinnt díobh isteach go dtí 2013. Ina theannta sin, tá súil leis go n-eiseofar deich dtairiscint bhreise in 2013, ach braithfidh seo ar chistiú.

Tolláin

Cuimsíonn an líonra bóithre náisiúnta trí thollán thábhachtacha réigiúnacha: Tollán Jack Lynch i gCorcaigh, Tollán Luimnigh agus Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath. Is píosaí tábhachtacha bonneagair iad go léir ina láithreacha faoi seach, agus cuireann siad rochtain fheabhsaithe ar fáil go dtí ionaid réigiúnacha uirbeacha agus amach uathu.

In 2012, cuireadh uasghráduithe breise sábháilteachta ar fáil do Thollán Jack Lynch d'fhonn na córais agus an trealamh a uasghrádú go dtí leibhéil atá ar aon dul le Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus Tollán Luimnigh. Go príomha, is éard a bhí i gceist leis seo tíleanna dófhriotaíocha a shuiteáil a chosnóidh struchtúr an tolláin i gcás tine thromchúiseach.

Tá na feabhsúcháin bhonneagair a leanas ar bun i dTollán Jack Lynch agus cuirfear i gcrích iad in 2013:

- uasghrádú líonra an tolláin;
- ionadú gutháin éigeandála;
- cur i gcrích shuiteáil na líneála dófhriotaíche;
- ionadú rialú an tolláin;
- Córas Fógartha Phoiblí an tolláin faighte;
- Córas Uathoibríoch Braite Teagmhais faighte;
- bacainní tráchta arna suiteáil ag tairsí an tolláin.

Tá an chuideachta CPP, Direct Route, freagrach as oibriú agus as cothabháil Thollán Luimnigh. Leanfaidh an Rannóg Oibríochtaí Líonra le tabhairt faoi mhonatóireacht ar a bhfeidhmíocht i gcomhréir leis na prótacail a forbraíodh ó riachtanais an chonartha CPP. Tá Tollán Luimnigh go hiomlán comhlíontach le Treoir Eorpach na dTollán.

Leanann Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath le seirbhís thábhachtach a chur ar fáil trí mhéid suntasach Feithiclí Earraí Troma (HGVanna) a bhaint ó Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus rochtain dhíreach a éascú ar an líonra mótarbhealaí. Ina theannta sin, cuireann an tollán pointe breise rochtana ar fáil d'fheithiclí paisinéirí go dtí agus ó lár na cathrach.

B'ann do 5.3 milliún aistear tríd an tollán in 2012, agus tá seo roinnte go cothrom idir HGVanna agus feithiclí paisinéirí.

Comharthaíocht agus Líneáil

Le roinnt blianta beaga anuas, bhí an tÚdarás ag oibriú go réidh ar chur i bhfeidhm an Chláir Athchomharthaíochta Líonra. Cuireadh an clár i bhfeidhm tar éis cinneadh a rinne Bord an Údaráis chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomharthaíocht uile threoch ar fud an líonra iomláin bóithre náisiúnta agus chun é a ardú go dtí an t-ardchaighdeán comhsheasmhach de líonra bóithre nua-aimseartha sábháilte agus éifeachtúil. Áirítear leis an gclár, chomh maith, glacadh leis na caighdeáin nua chomharthaíochta agus na leaganacha amach a leagtar amach sa Lámhleabhar athbhreithnithe Comharthaí Tráchta. Tá an clár nach mór curtha i gcrích agus táthar ag tabhairt faoi oibreacha ar roinnt de na codanna níos tuaithe de na bealaí náisiúnta den dara grád. Léiríonn an léarscáil a leanas stádas reatha an Chláir Athchomharthaíochta Líonra ar fud an líonra.

Sa mhullach ar thabhairt faoi chothabháil comharthaí agus athchóirithe, tá ar na conraitheoirí athchóirithe comharthaíochta bunachar Chomharthaíochtaí Tráchta ar Bhóithre an Údaráis a nuashonrú. Tá sé ar intinn ag an Údarás an bunachar reatha a ionchorprú isteach i gcóras bainistíochta atá go hiomlán cuimsitheach a luaithe a chuirtear an cistiú cuí ar fáil.

"D'fhorbair an tÚdarás sraith cáipéisí chun an chreatlach a chur ar fáil ina mbeartaítear, ina ndeartar agus in dtógtar agus ina gcothabháiltear líonra bóithre na hÉireann."

Caibidil 3

Seirbhísí Taighde agus Speisialtachta

Taighde agus Caighdeáin

In Aibreán 2012, tugadh gníomhaíochtaí na Rannóg Taighde agus Caighdeán faoi bhainistíocht shingil laistigh de Rannóg Bainistíocht Líonra an Údaráis. Aithníonn an t-aistriú seo na dlúthnaisc idir na gníomhaíochtaí seo agus a dtábhacht i mbainistíocht fhoriomlán an líonra bóithre náisiúnta.

Mar thoradh air sin, d'fhorbair an tÚdarás sraith cáipéisí chun an chreatlach a chur ar fáil ina mbeartaítear, ina ndeartar agus in dtógtar agus ina gcothabháiltear líonra bóithre na hÉireann. Soláthraíonn na cáipéisí seo na caighdeáin a chuimsítear sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Droichid (DMRB) agus na sonraíochtaí a chuimsítear sa Lámhleabhar Cáipéisí Conartha le haghaidh Oibreacha Bóthair (MDCRW). Tugtar DMRB an NRA orthu seo le chéile.

D'fhonn tacú leis an Údarás i gcothabháil na gcaighdeán seo agus i bhforbairt caighdeán nua, sa chás cuí, choimisiúnaigh an tÚdarás seirbhís leanúnach chomhairleoireachta chun comhairle agus treoir theicniúil a chur ar fáil don Údarás ar ábhar na gcáipéisí. Is é cuspóir an choimisiúin seo a chinntiú go gcomhlíonann ár gcaighdeáin an reachtaíocht náisiúnta agus AE, agus go bhfuil siad cothrom le dáta i dtaobh cúrsaí teicniúla agus go bhfuil siad ailínithe le dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Ar aon dul lenár gcaighdeáin agus sonraíochtaí, d'fhorbair an tÚdarás straitéis taighde lena chinntiú go dtugtar faoi gach gníomhaíocht taighde ar bhealach comhordaithe. Is í aidhm na straitéise bearta praiticiúla a chur chun cinn a chuirfidh le costais a laghdú, cáilíocht a fheabhsú agus nuálaíocht a spreagadh agus aird ar fheidhmeanna an Údaráis. Cuireann an straitéis taighde an chreatlach ar fáil do thaighde gearrthéarma 'tráchtála' mar fhreagairt ar ár riachtanais ghnó agus do thionscadail fhadtéarma bhunúsacha taighde araon trí ollscoileanna agus institiúidí taighde. Baineann ríthábhacht leis an taighde fadtéarma seo mar gheall gur sócmhainn luachmhar an bonneagar bóithre ag a bhfuil saol an-fhada seirbhíse. Teastaíonn féachaint i bhfad chun cinn ar dhul chun cinn féideartha ó bhainistíocht éifeachtach d'fhonn coinne bheith le forbairtí teicniúla agus úsáid a bhaint astu go tráthúil ionas gur féidir iad a chur i bhfeidhm trínár gcaighdeáin agus sonraíochtaí.

Cuimsíonn straitéis taighde an Údaráis limistéir ghinearálta na heagraíochta, lena n-áirítear pleanáil, tógáil, cothabháil agus oibriúcháin agus tá sí bun-aithe ar líon téamaí leathana beartais atá dírithe ar éifeachtúlacht, inmharthanacht agus sábháilteacht níos fearr. Is iad seo:

- ábhair;
- caighdeáin agus sonraíochtaí;
- an comhshaol agus tógáil inmharthana;
- sábháilteacht;
- luach ar airgead;
- iompar agus úsáid talún;
- oidhreacht.

Forbraítear an Clár Taighde ar bhonn bliantúil mar fhreagairt ar riachtanais reatha taighde arna sainaithint ag comhaltaí aonair foirne agus ag páirtithe leasmhara eile. Tá an clár ailínithe go dlúth le cuspóirí foriomlána straitéiseacha an Údaráis amhail a dtugtar breac-chuntas orthu i Ráiteas Straitéise 2007. Léiríonn an Clár Taighde bliantúil athruithe ar thosaíochtaí agus ar limistéir nua spéise, de réir mar a thagann feidhmiú an Údaráis chun cinn. Mar phríomhghné de gach tionscadal taighde is ea forbairt plean um chur i bhfeidhm lena chinntiú go scaiptear na torthaí taighde agus go gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhealach praiticiúil agus tráthúil. A luaithe a shainaithnítear iad, is gnách go soláthraítear na tionscadail aonair taighde trí leas a bhaint as próiseas oscailte iomaíoch tairisceana le luach ar airgead a chinntiú. I líon beag cásanna, déantar taighde a choimisiúnú go díreach ó eagraíochtaí ag a bhfuil limistéar ar leith saineolais; ní tharlaíonn seo ach amháin faoi chúinsí eisceachtúla, áfach.

Faoi láthair tá breis agus 30 tionscadal gníomhach taighde ann a chuimsíonn gach gné d'innealtóireacht bhóthair. Freastalaíonn na tionscadail seo ar ár riachtanais ghearrthéarma ghnó mar aon le riachtanais níos fadtéarma. Bhí 42 tionscadal taighde ar leith ann a coimisiúnaíodh faoin gclár seo. Tá fáil ar achoimre ar ár gclár taighde agus ar chur síos ar thionscadail reatha ar ár láithreán gréasáin ag: www.nra.ie/Research.

An tSamhail Náisiúnta Iompair

Leanann an tÚdarás leis an tSamhail Náisiúnta Tráchta (a cruthaíodh in 2008) agus an tSamhail Náisiúnta Iompair (NTpM) (a cruthaíodh in 2011) a chothabháil agus a fhorbairt. In 2013, aistreofar na samhlacha óna mbonnbhliain reatha (2006) go dtí bhonnbhliain 2011 agus aird ar shonraí Dhaonáireamh 2011, ar a bhfuil fáil ó dheireadh 2012, agus réamhaisnéis oifigiúil le haghaidh déimeagrafach, ionchais gheilleagracha agus úsáid talún. Tabharfaidh an tÚdarás modúl astuithe isteach den NTpM in 2013 ar mhaithe le cuspóirí breithmheasa agus chun sonraí criosacha agus náisiúnta a chruthú ar astuithe iompair. Leanfaidh an tÚdarás le tabhairt faoi staidéir dholaí faoi mar a theastaíonn; braitheann iad seo ar an NTpM mar uirlis ríthábhachtach bhreithmheasa agus mheasúnaithe airgeadais.

Tugtar faoi shamhlú iompair trí fhoireann samhlaithe iompair an Údaráis, nó trí chomhairligh atá fostaithe ar mhaithe le tionscadail shonracha. Cuireann an tÚdarás tacaíocht agus oiliúint theicniúil ar fáil don fhoireann agus do chomhairligh in úsáid agus

i gcur i bhfeidhm na samhla. In 2012, chuireamar áis ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar an NTpM ag comhlachtaí poiblí (nó a gcomhairligh), lena n-áirítear ionad oibre tiomanta a sholáthar inár n-oifigí ionas gur féidir le samhlóirí iompair atá ar cuairt ár samhlacha a úsáid. Tá súil againn leis go n-iarrfaidh na comhlachtaí poiblí sa limistéar iompair ar fhaisnéis ón NTpM agus go bhfuil againn na háiseanna chun na hiarratais sin a chomhlíonadh.

In 2013, cuirfimid príomhtháscairí iompair (i.e. staitisticí agus faisnéis lena mbaineann na bóithre náisiúnta), lena n-áirítear sonraí faoin mbliain reatha agus sonraí na bliana réamhaisnéise (2025), agus leas á bhaint as bunachar sonraí an Údaráis, áiritheoirí tráchta agus anailís ón NTpM. Is éard a eascróidh as seo foilsiú Tuarascáil Stádas na mBóithre Náisiúnta le haghaidh 2013, agus cuirfear a leithéid de thu-arascálacha i dtoll a chéile gach bliain ina dhiaidh sin.

Chríochnaigh Aonad Comhshaoil an Údaráis léarscáileanna torainn in 2012 agus beifear ag díriú, in 2013, ar chúnamh a thabhairt do na húdaráis áitiúla i dtaobh Pleananna Gníomhaíochta Torainn

a fhorbairt in 2013. Úsáidtear an tsamhail san obair thábhachtach seo chun sreabha tráchta a shamhlú do naisc roghnaithe bhóthair.

Treoirlínte um Breithmheas ar Thionscadail

Treoraíonn na Treoirlínte um Breithmheas ar Thionscadail (PAG) na foirne breithmheasa tríd an bpróiseas lena mbaineann an cháipéisíocht riachtanach a réiteach chun tacú leis an lucht déanta cinntí, agus a chinntiú go ndéantar na roghanna is fearr agus go mbaintear amach na luach is fearr ar airgead ar gach tionscadal náisiúnta bóithre.

Teastaíonn cur chuige disciplínithe ó réiteach aschuir Bhreithmheasa Tionscadail a chinntíonn go ndéantar breithmheas ar gach tionscadal ar bhealach comhsheasmhach agus daingean. Léiríonn an PAG treoir a leagtar amach i gComhchreatlach Bhreithmheasa na Roinne Iompair (Meitheamh 2009) agus i dTreoirlínte Bainistíochta Tionscadail an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

Rinneadh eisiúint reatha na dtreoirlínte a struchtúrú i sraith 'Aonaid PAG' a chuireann treoir agus comhairle ar fáil ar ghnéithe éagsúla de shamhlú, breithmheas agus tuairisciú scéime. Tá fáil ar Aonaid PAG lena bhfeiceáil nó lena n-íoslódáil ónár láithreán gréasáin ag: www.nra.ie/Publications/Project Appraisal.

Pleanáil um Úsáid Talún

Tá ag an Údarás ról reachtúil i saincheisteanna pleanála agus atreoraítear roinnt iarratais pleanála chuig an Údarás faoi na cúinsí a leagtar amach sna Rialacháin Phleanála agus Forbartha. Ina theannta sin, tá feidhm ag an Údarás maidir le pleananna forbartha an údaráis áitiúil, criosanna forbartha straitéisí agus pleananna comhchosúla bonneagair straitéisigh.

D'fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil treoirlínte pleanála reachtúla le haghaidh údaráis áitiúla ar Phleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta in 2012. Leagann na treoirlínte pleanála reachtúla ar Phleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta breithniúcháin um beartas pleanála amach maidir le forbairt a dhéanann difear do bhóithre náisiúnta. Leagann na treoirlínte béim ar an ngá le teagmháil luath agus le luathphlé a dhéanamh idir an tÚdarás agus an húdaráis phleanála maidir leis na beartais agus na cuspóirí oiriúnacha a chur le chéile chun forbairt a bhainistiú laistigh de chomhthéacs níos fairsinge an líonra bóithre náisiúnta agus na feidhmeanna atá ag an líonra siúd.

Tá ag an Údarás freagrachtaí suntasacha maidir le Pleanáil, nach ionann iad agus an ceanglas atá orainn chun faomhadh reachtúil a fháil d'aon scéimeanna a d'fhéadfadh bheith á bhforbairt againn. Ina theannta sin, bíonn ionchur ag an Údarás i mbeartas náisiúnta, athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna forbartha contae agus áitiúla an údaráis áitiúil mar chomhairlí reachtúil, mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar iarratais pleanála ar leith a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an líonra bóithre náisiúnta.

Cuireann an tÚdarás seirbhísí comhairleoireachta ar fáil do pháirtithe inmheánacha agus seachtracha maidir leis an gcomhéadan idir oibriú an chórais phleanála um úsáid talún agus ceanglais an líonra bóithre náisiúnta. Is éard a bhíonn i gceist leis seo ionchur agus tacaíocht um chruthú beartais:

- ar phleanáil um úsáid talún a bhaineann le pleanáil straitéiseach, sábháilteacht ar bhóithre, comharthaíocht, iarratais ar luasteorainneacha, bainistíocht tionscadal, breithmheas tionscadal, limistéir sheirbhíse, tionchar comhshaoil, caigh deáin deartha agus an trácht agus measúnú iompair agus comhordú aschuir bheartais tríd an nGrúpa Athbhreithnithe ar Phleanáil agus Bainistíocht Forbartha.

- ar shaincheisteanna um úsáid talún agus iompar le comhlachtaí seachtracha ar nós na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an DTTS, Údaráis Áitiúla, an tÚdarás Iompair Náisiúnta agus gach údarás pleanála agus réigiúnach ar fud na hÉireann.

Sa mhullach air sin, faigheann an tÚdarás tograí um iarratas pleanála agus déanann siad measúnú orthu faoi mhíreanna eile de na hAchtanna Pleanála, ar nós Forbairt Straitéiseach Bonneagair, Forbairtí an Stáit agus an Údaráis Áitiúil, agus ceadúnú Comharthaí.

Seandálaíocht

In 2012, d'éirigh leis an NRA roinnt tionscadail seandálaíochta a chríochnú ar scéimeanna náisiúnta bóthair chun sásaimh na n-údarás reachtúil. Áiríodh leo seo, measúnuithe seandálaíochta, bainistiú a dhéanamh ar ghnéithe seandálaíochta Ráiteas ar an Tionchar ar an gComhshaol, conraitheoirí seandálaíochta a fháil agus bainistiú a dhéanamh ar oibreacha suímh. D'áirigh na scéimeanna mórthionscadail agus miontionscadail, scéimeanna sábháilteachta, scéimeanna droichid agus iostaí um chothabháil mótarbhealaigh. Sa mhullach ar chonraitheoirí agus ar chomhairleoirí seachtracha a fháil agus a bhainistiú, b'ann do mhéadú suntasach ar an líon fiosruithe seandálaíochta a bhí á dtabhairt fúthu go díreach ag seandálaithe an NRA.

Lean an dul chun cinn suntasach i gcríochnú agus i seachadadh tuarascálacha ar thochailt seandálaíochta a baineadh amach le blianta beaga anuas le linn 2012. Ina theannta sin uile, tá acmhainn thábhachtach á déanamh de na tuarascálacha seandálaíochta seo ní hamháin do thaighdeoirí in Éirinn agus thar lear, ach do thionscadail forbartha nach mbaineann le tógáil bóithre, mar gheall go gcuireann siad sonraí ríthábhachtacha bonnlíne ar fáil. In 2012, chuir seandálaithe an Údaráis seirbhísí comhairleoireacht seandálaíochta ar fáil do líon údaráis áitiúla le haghaidh tionscadail bóithre neamhnáisiúnta.

Le linn na bliana, b'ann do scaipeadh leanúnach torthaí seandálaíochta ó scéimeanna náisiúnta bóthair, ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta araon. Áiríodh leo seo léachtaí agus seimineáir agus foilsiú trí leabhar seandálaíochta agus an seachtú heagrán de Seanda, Iris Seandálaíochta an NRA.

Ba é ceann de na príomhimeachtaí in 2012 Seimineár Náisiúnta Seandálaíochta an Údaráis, a bhí ar siúl in Ionad Ché an Adhmaid in Oifigí Cathartha Bhaile Átha Cliath, agus léirigh sé rannpháirtíocht an Údaráis le Cathair Eolaíochta Bhaile Átha Cliath 2012. Mar is gnách, bhí freastal mór ar an imeacht seo agus lean seoladh Encounters between Peoples – imeachtaí Sheimineár Náisiúnta Seandálaíochta 2011 an t-imeacht, a sheol an tOllamh Charlotte Damm, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Foilsíodh dhá leabhar nua seandálaíochta i Scéim shraith Monagraf an NRA in 2012: Borderlands, a dhéanann cur síos ar fhiosruithe seandálaíochta ar scéim bóthair bhealach an M18 idir an Gort agus Croisín, agus Beneath the Banner, a shonraíonn na torthaí tochailte ar Sheachbhóthar M18 na hInse agus Bóthar Faoisimh Thiar an N85, Contae an Chláir. Ba iad na himleabhair seo an naoú agus an deichiú monagraf, faoi seach, sa tsraith. Sa mhullach air sin, chomhfhoilsigh an NRA agus Comhairle Contae na hIarmhí Settlement and Community in the Fir Tulach Kingdom, a dhéanann cur síos ar thorthaí trí thochailt thábhachtacha seandálaíochta ar Scéim N52 Mhuileann gCearr agus Belvedere agus an M6 idir Cionn Átha Gad agus Baile Átha Luain.

Ina theannta sin, chuir an tÚdarás treoirlínte i dtoll a chéile do sheandálaithe pailéachomhshaoil a oibríonn ar scéimeanna náisiúnta bóithre. Cuimsíonn na treoirlínte nua torthaí taighde dochtúireachta faoinar thug Ellen O'Carroll, an Roinn Luibheolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a ndearnadh a hobair a chistiú agus a thacú trí Chlár Comhaltachta an NRA.

D'iarr soláthróirí iomadúla seirbhíse ar rochtain ar shuirbhé roimh bhonneagar leathanbhanda a shuiteáil ar bhealaí áirithe in 2012.

Dolaí

Tá an tÚdarás freagrach go díreach as dhá oibriúchán dolaí: eFlow an M50 (córas dolaí uile-leictreonach) agus áis Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath. Tá ocht n-oibriúchán bhreise dolaí lonnaithe ar fud an líonra a dhéanann cuideachtaí príobháideacha a oibriú. Sa mhullach air sin, cuireann an tÚdarás na córais agus an bonneagar ar fáil agus bainistíonn siad iad agus éascaíonn seo idiroibriú náisiúnta dolaí, a éascaíonn clibeanna leictreonacha ó chuideachtaí éagsúla a úsáid ar gach bóthar dolaí go náisiúnta. In 2012, bhainistigh an córas idiroibrithe thart ar 35 milliún idirbheart.

Tugadh isteach idiroibriú idir dola-phláis agus soláthróirí clibeanna leictreonacha mar chuid den chlár dolaí bóthair CPP, ionas nach gá don phobal ach clib amháin a bheith acu chun úsáid a bhaint as aon dola bóthair, agus faigheann úsáideoirí bille comhdhlúithe amháin cé go bhféadfadh go bhfuil airgead ag roinnt oibreoirí dolaí orthu. Tá an AE ag iarraidh a chomhionann de shocrú idiroibrithe a shíneadh a fhad le húsáideoirí bóthair ar fud na hEorpa agus tá iarracht chomhbehartaithe á déanamh ag an gCoimisiún Eorpach chun fíor-dhul chun cinn a dhéanamh chun an coincheap seo a chur chun cinn. Mar gheall go n-éagfaidh conradh an tsoláthróra reatha idiroibrithe in 2013, thosaigh an tÚdarás iomaíocht soláthair in 2012 le haghaidh soláthróir nua, agus an fheidhmiúlacht bhreise ann chun tacú le cuspóirí an Choimisiúin.

Tá eFlow lonnaithe ar an M50 (idir Acomhal 6 agus 7). Is córas leictreonach dolaí é a tháinig in ionad chóras bacainní dola Westlink in 2008. Dhíghlasáil an córas seo tairbhí suntasacha geilleagracha agus comhshaoil – amanna aistir a fheabhsú, brú tráchta a laghdú, astuithe a laghdú agus coigiltí costais a éascú ar chostais iompair feadh chonair an M50.

B'ann do bhorradh leanúnach ar an trácht le linn 2012, agus bhí úsáid á baint ag 110,000 feithicil as an stráice dholaí de mhótarbhealach an M50. Is ionann seo agus thart ar 3.35 milliún idirbheart dolaí in aghaidh na míosa (40.4 milliún in 2012) agus léiríonn seo méadú thart ar 2% ar leibhéil tráchta 2011.

Leanann borradh ag teacht ar chustaiméirí cláraithe (i.e. custaiméir clibe nó físeáin) agus baineann thart ar 80% de na hidirbhearta leis an mbonn custaiméirí seo. I gcás bealaí neamhchláraithe, tá roghanna éagsúla íocaíochta ar fáil ag custaiméirí: íocaíocht ar líne, trí ionad teagmhála eFlow (Abtran) agus trí líonra cleamhnaithe miondíola Payzone.

Leanann Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath le seirbhís thábhachtach a chur ar fáil trí mhéid suntasach Feithiclí Earraí Troma (HGVanna) a bhaint ó Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus rochtain dhíreach a éascú dóibh ar an líonra mótarbhealaí. Ina theannta sin, cuireann an tollán pointe breise rochtana ar fáil d'fheithiclí paisinéirí go dtí agus ó lár na cathrach. B'ann do bhreis agus cúig milliún aistear trí Thollán Bhaile Átha Cliath le linn 2012, a bhí roinnte idir 45% HGVanna agus 55% busanna agus feithiclí paisinéirí.

Ní gá do HGVanna/busanna dola a íoc ach gearrtar muirear dola €3 ar fheithiclí eile (tréimhsí neamhbhuaice) agus €10 (tréimhsí buaice: idir 06:00 agus 10:00 ag gabháil ó dheas agus idir 16:00 agus 19:00 ag gabháil ó thuaidh, i rith na seachtaine, seachas saoirí poiblí). Níor athraíodh na dolaí seo ón 1 Eanáir 2010 agus ní athrófar iad le linn 2013.

An Comhshaol

Leanann an tÚdarás lena sraith chuimsitheach treoirlínte deartha, tógála agus oibríochtúla a mhéadú leis an tuiscint agus an fhreagairt chuí a chinntiú i leith an iomaí dúshlán comhshaoil lena mbaineann an líonra bóithre náisiúnta a thógáil agus a oibriú. Leantar le tabhairt faoi thaighde suntasach chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbearta maolaithe comhshaoil a glacadh roimhe seo, d'fhonn a chinntiú go ndéantar níos mó réiteach a chomhtháthú isteach i ndearadh bóthair amach anseo.

Cruthaíonn toradh staidéir thaighde iarEIA (Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol) ar ialtóga a tugadh chun críche in 2012 bonn fianaise eolaíochta níos treise i leith roghnú bearta maolaithe ialtóg do gach bainisteoir bóithre agus comhairleach

éiceolaíochta, go sonrach i gcomhthéacs na hÉireann. Ina theannta sin, tá an dealramh air go mbeidh sé ina ábhar spéise do lucht féachana idirnáisiúnta. Úsáidfear na torthaí chun na treoirlínte a mhéadú do roghnú, dearadh agus bainistíocht na mbearta éifeachtacha maolaithe ialtóg a chuimsítear i dTreoirlínte Measúnaithe Comhshaoil agus Tógála an Údaráis. Cinnteoidh seo go bhfuil gá le haon bhearta maolaithe a chuirtear ar fáil ar scéimeanna bóithre amach anseo, agus, níos tábhachtaí ná sin, go mbeidh siad éifeachtach maidir leis an tionchar ar dhaonraí ialtóg a íoslaghdú.

In 2012, d'fhorbair an tÚdarás prótacal riosca tuile do mheasúnú, bainistíocht agus maolú rioscaí tuile i leith an líonra bóithre náisiúnta. Áiríodh leis an obair seo forbairt sraith chuimsitheach léarscáileanna tuile GeoPDF don líonra.

Cuireadh taighde a rinneadh ar fhorbairt modh tástála chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht fhuaimiúil bacainní torainn ar thaobh an bhóthair i gcrích in 2012. Ba é cuspóir na hoibre seo chun modh simplithe tástála a chruthú chun measúnú a dhéanamh ar chumas bacainní torainn in situ chun torann ón trácht ar bhóithre a mhaolú. D'eascair forbairt treoir nua um dhea-chleachtas mar thoradh ar an obair seo do dhearadh bacainní torainn ar thaobh an bhóthair.

Ina theannta sin, cuireadh i gcrích taighde a chuaigh i ngleic leis an tionchar tógála agus oibríochtúil ag trasbhealaí abhann ar scéimeanna bóithre náisiúnta in 2012. Fiosraíodh tionchar comhshaoil réimse teicnící tógála agus shainaithin cur i gcrích foriomlán na hoibre go soiléir nach mbíonn aon tionchar fadtéarmach ag struchtúir aonréiseacha ar aon tionchar fadtéarmach ar uiscebhealaí íogair. Úsáidfear torthaí na hoibre seo chun treoirlínte reatha trasnaithe uiscebhealaí an Údaráis a nuashonrú.

Amhail a cheanglaítear faoi na Rialacháin um Thorann Comhshaoil, 2006 (I.R. Uimh. 140 de 2006), d'éirigh leis an Údarás réiteach léarscáileanna straitéiseacha torainn a chríochnú do gach ceann de na mórbhóithre a sháraíonn meántrácht laethúil bliantúil 8,250 feithicil (AADT), b'ionann seo agus 3,600km den líonra bóithre náisiúnta. Cuireadh na léarscáileanna seo faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), an ghníomhaireacht atá freagrach as cur i bhfeidhm na Rialachán. Tá an GCC ag oibriú faoi láthair chun na léarscáileanna ó na gníomhaireachtaí éagsúla sannta a chur le chéile agus déanfar gach léarscáil deiridh chomhtháite a thuairisciú i dtosach don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil agus cuireadh ar fáil iad don phobal.

In 2013, meastar go rachaidh an tÚdarás i dteagmháil le húdaráis áitiúla chun rannpháirtíocht i réiteach pleananna gníomhaíochta torainn, nach mór a chomhlánú faoi Iúil 2013. Sa mhullach ar an bhfeidhm um pleanáil gníomhaíochta torainn, leanfaidh an tÚdarás chun oibriú ar staidéir mheasúnaithe iarEIA in 2013 agus díriú ar leith ar thuarascálacha achoimre ar thástáil in situ bacainní torainn, ar dhraenáil agus ar bhearta maolaithe éiceolaíochta. Déanfaidh an tÚdarás maoirsiú ar fhorbairt clár trasnáisiúnta taighde ar thorann ar son Chomhdháil Stiúrthóirí Eorpacha na mBóithre. Ina theannta sin, déanfaidh siad iniúchadh ar dhearadh agus ar thógáil scéimeanna nua le comhlíonadh beartas agus ceangaltas reatha comhshaoil.

Maidir le forbairt inmharthana, rannpháirtíonn an tÚdarás i gceithre thionscadal uile-Eorpacha a thé-ann i ngleic le limistéir ar nós córais phábhála bóthair atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de agus astuithe CO2 agus anailís EIA ar shaolré. Beidh fáil ar thoradh an taighde seo in 2014.



"Is é ár mbuntasc soláthar líonra sábháilte agus éifeachtach bóithre náisiúnta a chinntiú"

Caibidil 4

Faisnéis faoin Údarás um Bóithre Náisiúnta

Bunú agus Sainchúram

Bunaíodh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta go foirmiúil mar chomhlacht neamhspleách poiblí faoi Acht na mBóithre, 1993. Is é ár mbuntasc soláthar líonra sábháilte agus éifeachtach bóithre náisiúnta a chinntiú (tá feidhmeanna sonracha an Údaráis leagtha amach in Alt19 den Acht, arna leasú ag Acht na mBóithre, 2007). Go ginearálta, tugann údaráis áitiúla faoi oibreacha um dhearadh, tógáil agus cothabháil bóithre, ar son an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

Ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, baill de Bhord an Údaráis, agus aird ar a dtaithí agus ar a n-inniúlacht i limistéir ábhartha, lena n-áirítear bóithre, iompar, tionsclaíocht, cúrsaí tráchtála, airgeadais nó ábhair chomhshaoil.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an tÚdarás tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtúil agus mhúinte a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile. Leagtar amach ar ár gCairt Chustaiméirí agus ar an bPlean gníomhaíochta do Chustaiméirí sonraí faoi chaighdeáin agus faoin leibhéal seirbhíse ar féidir lenár gcustaiméirí bheith ag súil leis agus iad ag déileáil leis an Údarás. Is féidir cóipeanna de na cáipéisí lena mbaineann a fháil ag http://www.nra.ie.

An Ghaeilge

Tá an tÚdarás go hiomlán tiomanta do cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh, agus rinne siad Ráiteas Beartais a fhoilsiú maidir le hÚsáid na Gaeilge in Eanáir 2010, ar a bhfuil fáil lena fheiceáil/íoslódáil ar láithreán gréasáin an Údaráis ag: www.nra.ie/publications. Cuireann an ráiteas beartais le prionsabail na seirbhíse ardchaighdeáin do chustaiméirí agus leis an gceangaltas a rinneadh inár gCairt do Chustaiméirí lena chinntiú gur féidir le custaiméirí ar mian leo tabhairt faoina ngnó linn trí mheán na Gaeilge amhlaidh a dhéanamh.

Inrochtaineacht

Tá ag an Údarás Coiste Rochtana i mbun feidhme ar a bhfuil an cúram cinntiú go dtugtar aird iomlán do cheanglais an Achta Míchumais, 2005. D'oibrigh an Coiste an-dícheallach ó bunaíodh é in 2008 lena chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil fáil ar an uile bheart agus áis chuí do chustaiméirí atá faoi mhíchumas fisiciúil nó intleachtúil. I measc na mbearta a tugadh isteach tá córas lúb ionduchtaithe le cabhrú do dhaoine lagéisteachta sa láthair fáiltithe agus sa seomra cruinnithe; spásanna páirceála do thiománaithe faoi mhíchumas láithreán gréasáin an NRA a nuashonrú d'fhonn caighdeáin W3C WAI-AA a chomhlíonadh go hiomlán lena chinntiú go bhfuil an láithreán gréasáin inrochtana do chách agus go bhfoilsítear cáipéisí corparáideacha ar bhealach atá soiléir agus gan béarlagair a áireamh chomh fada agus is féidir. Ina theannta sin, cuireadh oiliúint chomhionannas míchumais ar fáil don fhoireann le feasacht ar shaincheisteanna inrochtaineachta do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.

Tuairisciú um Éifeachtúlacht Fuinnimh i measc Comhlachtaí den Earnáil Phoiblí

Mar chuid d'athbhreithniú cuimsitheach ar úsáid fuinnimh ar thug an earnáil phoiblí faoi, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha mar aon le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) go dtuairiscítear úsáid fuinnimh san fhormáid mholta a leanas agus go rachfar i mbun bearta, mar aon le gníomhaíochtaí beartaithe, i dtreo éifeachtúlachtaí níos fearr fuinnimh sna tuarascálacha bliantúla. Tugann an fhaisnéis a leanas miondealú mionsonraithe ar chomhlíonadh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta na hiarrata seo.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta Úsáid Fuinnimh 2011 (kWh)

Leictreachas:	**290,726**
Téamh (Ola agus Gás Nádúrtha):	**435,156**
Iomlán:	**725, 882**

Gníomhartha faoinar tugadh in 2012

- Tá ag an Údarás Coiste Fuinnimh i bhfeidhm chun tionscnaimh choigilte fuinnimh a shainaithint agus a chur i bhfeidhm.
- Leanann Feachtas um Fheasacht ar Fhuinneamh an Údaráis ar aghaidh go fóill agus úsáidtear sonóg fuinnimh, póstaeir ar leideanna coigilte fuinnimh atá crochta timpeall na n-oifigí, mar aon le sraith ríomhphoist Fuinnimh a scaipeadh ina gcuimsítear leideanna coigilte fuinnimh don obair agus don bhaile.
- Reáchtáil an Coiste Fuinnimh comórtas lenar bhain na ríomhphoist Fuinnimh chun feasacht ar an ngá le feasacht a mhúscailt chun fuinneamh a choigilt.
- Leanann an tÚdarás le Clár na nDeiseanna a nuashonrú le haghaidh coigilt fuinnimh, amhail a mholann an SEAI.
- Tá Comhordaitheoir Fuinnimh fostaithe a d'fhreastail ar cheardlann oiliúna an SEAI maidir leis an bpróiseas tuairiscithe fuinnimh i nDeireadh Fómhair na bliana seo.
- Tá a mBeartas Fuinnimh á thaispeáint ag an Údarás ina nÁitreabh.

Gníomhartha atá ar na bacáin le haghaidh 2013

- Leanúint ar aghaidh leis an gclár um Fheasacht ar Fhuinneamh.
- Leanúint le moltaí ó athbhreithniú an SEAI a chur i bhfeidhm, sa chás gur cuí.
- Coigilteoir Fuinnimh a shannadh ar gach urlár lena chinntiú go bhfuil soilse, aonaid aerchóirithe, gaothráin etc. múchta ag deireadh gach lá oibre.
- Meabhrán ríomhaire-ghinte lena mheabhrú chun an ríomhaire a mhúchadh (coigilt mheasta 3,250kWh).
- Leanfar leis an gClár Deiseanna a nuashonrú agus cuirfear smaointí i bhfeidhm de réir mar is cuí.

Rialachas Corparáideach

Cuireann an Cód leasaithe Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a d'eisigh an Roinn Airgeadais athruithe ar an reachtaíocht agus treoirlínte riaracháin i gcuntas ag a bhfuil impleachtaí don chreatlach rialachais do Chomhlachtaí Stáit. Is éard atá i gceist leis an gCód Cleachtais na córais, na struchtúir agus na próisis atá in eagraíocht a bhaineann le déanamh cinntí, freagracht, rialuithe agus iompar san eagraíocht. Tá saincheanglas ar an Údarás, de bhua a reachtaíochta bunaithe, le feidhmiú i gcomhréir le beartais a d'ordaigh an Rialtas. Ina theannta sin, tá ceanglas ar an Údarás feidhmiú i gcomhréir le réimse ceanglais reachtúla agus eile lena mbaineann i gcomhthéacs a bhfeidhmeanna éagsúla, ina measc siúd, ceanglais fostóra, údaráis reachtúil agus soláthróir seirbhísí.

Ina leith seo, ní mór don Údarás a dhearbhú don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go bhfuil siad go hiomlán comhlíontach le forálacha an Chóid leasaithe Chleachtais.

Cheadaigh Bord an Údaráis Cód leasaithe Cleachtais um Rialachas an Údaráis um Bóithre Náisiúnta i Márta 2011.

D'fhaomh an Bord an t-athbhreithniú bliantúil ar an gCód i Nollaig 2012.

Bainistíocht Riosca

Tugann an tÚdarás faoi bhainistiú riosca i gcomhréir le caighdeáin rialachais agus freagrachta atá in oiriúint do Ghníomhaireachtaí Stáit. Déantar nuashonrú rialta ar bheartais agus ar phleananna bainistithe riosca an Údaráis.

Tuairisceáin Mhearíocaíochta

Shín an Rialtas a gceangaltas chun soláthróirí a íoc laistigh de 15 lá tar éis do na Gníomhaireachtaí Stáit sonrasc bailí a fháil. Tá gach iarracht á déanamh ag an Údarás lena chinntiú go ndéantar íocaíochtaí laistigh den amfhráma seo, i gcomhréir le nósanna imeachta cuí airgeadais.

Leagtar amach thíos sonraí faoinár dtaifead íocaíochta le haghaidh 2012:

Sonraí	Líon na nÍocaíochtaí	Luach (€)	% na nÍocaíochtaí Iomlána Rinneadh
Íocaíochtaí iomlána a rinneadh in 2012	1,884	332,563,615	100%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	1,635	291,124,919	88%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh idir 16 agus 30 lá	246	40,909,608	12%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh tar éis 30 lá	3	529,088	0%

Freastal Chomhaltaí Boird an NRA ar Chruinnithe an Bhoird in 2012
Tháinig an Bord le chéile 11 uair

Comhalta Boird	Líon na gCruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu	Líon na gCruinnithe ar ar Fhreastalaíodh	Nóta
Peter Malone *(Cathaoirleach)*	11	11	*D'éirigh sé as an 31 Nollaig 2012*
Fred Barry *(POF)*	11	11	
Clifford Kelly	7	6	*Chríochnaigh a théarma an 13 Iúil 2012*
Anne Butler	9	8	*Chríochnaigh a théarma an 31 Deireadh Fómhair 2012*
Margaret O'Mahony	9	4	*Chríochnaigh a théarma an 31 Deireadh Fómhair 2012*
Jacqueline Cross	11	9	
Robert Rowan	11	9	
James Donlon	8	6	*Chríochnaigh a théarma an 7 Deireadh Fómhair 2012*
David O'Connor	11	9	
Declan J Walsh	11	9	
Gary Comiskey	4	3	*Ceapadh é leis an mBord an 7 Meán Fómhair 2012*
Cormac O'Rourke *(Ainmní an Chathaoirligh)*	3	2	*Ceapadh é leis an mBord an 10 Deireadh Fómhair 2012*

RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012

Tuarascáil an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 29

An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis 30

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais 31

Beartais Chuntasaíochta 32

Na Cuntais Ioncaim agus Chaiteachais

- Forbairt agus Cothabháil Bóithre 34
- Riarachán 35

Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlána 36

An Clár Comhardaithe 37

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid 38

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 39

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Bóithre Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 faoi Acht na mBóithre, 1993. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, na beartais chuntasaíochta, an t-ioncam ó fhorbairt agus cothabháil bóithre agus an cuntas ioncaim agus caiteachais, an cuntas ioncam agus caiteachas riaracháin, ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, an clár comhardaithe agus sreabhadh airgid nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoin Tríú Sceideal den Acht, agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a n-ioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúchóireachta d'Iniúchóirí a chomhlíonadh.

Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is éard a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Údaráis, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana 2012 sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Is í mo thuairim gur choimeád an tÚdarás leabhair chuí chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Athrú ar Bheartais Chuntasaíochta

Tá sé beartaithe go gcónascfar an tÚdarás leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA) tar éis na reachtaíochta riachtanaí a bheith rite. Mar ullmhúchán dó seo, rinne an tÚdarás a mbeartais chuntasaíochta a ailíniú leo siúd de chuid an RPA. I ráitis airgeadais 2012, athshonraíonn an tÚdarás a dtorthaí le linn 2011 ar aon dul leis na beartais nua chuntasaíochta.

Ábhair ar a dTuairiscím trí Eisceacht

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Údaráis an Chóid Iompair le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Séamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meán Fómhair 2013

AN RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaíonn Alt 5(2) den Tríú Sceideal d'Acht na mBóithre, 1993, ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta (an tÚdarás) chun ráitis airgeadais a réiteach i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais siúd á réiteach, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- a chinntiú go bhfuil aon bhreithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus míniú sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an tÚdarás i mbun feidhme.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 5 den Tríú Sceideal den Acht. Anuas air sin, tá an tÚdarás freagrach as a sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar cheann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

26 Meán Fómhair 2013

AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Thar cheann an Údaráis, is mian liom ár bhfreagracht a aithint a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Ghlac an Bord bearta lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Cód Cleachtais um Rialachas an Údaráis a ghlacadh;
- tréanchultúr freagrachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta;
- comhlíonadh na gceanglas a chinntiú maidir le Fógairt Leasa, amhail a shonraítear sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus in Alt 40 d'Acht na mBóithre, 1993;
- cruinnithe rialta an Bhoird a chur ar bun, agus
- Coiste Iniúchta a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta.

Thug an tÚdarás faoi mheasúnú foirmiúil riosca chun na príomhrioscaí gnó a shainaithint atá i leith na heagraíochta. Réitíodh clár riosca corparáidigh agus d'fhaomh an Bord beartas bainistíochta riosca.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach faisnéis rialta bhainistíochta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tairmligin agus freagrachta. Áirítear leis, go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe a ndéanann an Bord comhaontú agus athbhreithniú air;
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta;
- athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht shinsearach agus ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht i leith na mbuiséad le fios;
- cosc a chur ar údarú airgead a íoc le sínitheoirí údaraithe;
- córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil córais TFC a chinntiú;
- córais ríomhairithe airgeadais, lena n-áirítear cuntasaíocht, párolla, éilimh ar chostais agus clár sócmhainní seasta; agus
- beartas ar a bhfuil sainmhíniú soiléir ar fháil.

Tá ag an Údarás feidhm Iniúchta Inmheánaigh a oibríonn i gcomhréir leis an gCreatlach Dhea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochta dó faisnéis ar fáil d'obair an Iniúchta Inmheánaigh. Cuirtear na pleananna iniúchta inmheánaigh i dtoll a chéile chun na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanann an Coiste Iniúchta anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh a fhormhuiniú agus déanann Bord an Údaráis iad a fhaomhadh.

Cuireann obair Iniúchta Inmheánaigh; an Coiste Iniúchta, a dhéanann maoirsiú ar an obair Iniúchta Inmheánaigh; an Fhoireann Feidhmiúcháin laistigh den Údaráis, atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais; agus tuairimí a nochtann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile, faisnéis ar fáil don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Athbhreithniú Bliantúil Rialuithe

Dearbhaím, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012, gur thug an Coiste Iniúchta, thar cheann an Bhoird, faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais.

Sínithe thar cheann an Bhoird

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

26 Meán Fómhair 2013

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1 Bonn an Réitigh

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe, seachas faoi mar a luaitear thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus i gcomhréir leis an dlí infheidhme agus leis na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta lena bhfuil Glacadh Ginearálta in Éirinn). Tá na ráitis airgeadais san fhormáid a d'fhaomh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

D'fhonn beartais an Údaráis a ailíniú leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród mar chuid de na bearta tosaigh leis na heagraíochtaí a chónascadh (féach nóta 19), d'athraigh an tÚdarás a gcuid beartais chuntasaíochta i dtaca le haithint sócmhainní seasta, ioncam ó dholaí agus roinnt catagóirí d'íocaíochtaí le hoibreoirí CPP. Amhail a cheanglaíonn FRS 18, rinneadh figiúirí inchomparáide 2011 a athshonrú.

Le torthaí na bliana roimhe seo a léiriú ar bhonn inchomparáide, rinneadh an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Forbartha agus Chothabhála Bóithre, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus roinnt nótaí leis na ráitis airgeadais le haghaidh 2011 a athshonrú chun na hathruithe a leanas a léiriú sa bheartas cuntasaíochta:

i) Athraíodh an beartas cuntasaíochta chun ioncam ó dholaí a chur i dtaifead ó bhonn fáltas airgid go dtí bonn fabhraithe, agus ar an ábhar sin, aithnítear an t-ioncam seo sna ráitis airgeadais sa bhliain ina dtuilltear é. Rinneadh íocaíochtaí idir-inoibritheachta, a ghearrtar i leith ioncaim ó dholaí, a aithint roimhe seo nuair a íocadh iad, ach aithnítear anois iad sa bhliain lena mbaineann siad.
ii) Rinneadh íocaíochtaí ráthaíochta tráchta le hoibreoirí CPP a aithint roimhe seo nuair a íocadh iad, ach aithnítear anois iad sa bhliain lena mbaineann siad.
iii) Roimhe seo, gearradh roinnt caiteachas caipitiúil a fabhraíodh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais i mbliain an cheannaigh. Tá athrú déanta ar an mbeartas cuntasaíochta anois leis an gcaiteachas sin a chaipitliú.

Is é glantionchar an athraithe thuas gur laghdaíodh an t-easnamh le haghaidh 2011 faoi €12,569.

2 Ioncam ó Dheontais Stáit

Léiríonn Deontais Stáit na suimeanna iarbhír a fuarthas ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain.

3 Aisíocaíochtaí Deontais

Léiríonn Aisíocaíochtaí Deontais na suimeanna iarbhír a rinneadh a fhorchúiteamh ó údaráis áitiúla sa bhliain.

4 Ioncam ó Dholaí

Aithníonn an tÚdarás ioncam ó dholaí atá le híoc ag oibreoirí de réir mar a thuiltear é. Léiríonn an t-ioncam ó dholaí muirir ar ar ghearr oibreoirí dolaí lúide CBL, suimeanna nach bhfuil infhaighte agus íocaíochtaí idir-inoibritheachta. Áirítear leis, chomh maith, suimeanna a fuarthas maidir leis an socrú roinnte ioncaim faoi scéim CPP M4 Chill Choca/Chionn Átha Gad. Go stairiúil, rinne an tÚdarás ioncam ó dholaí a aithint ar bhonn fáltais airgid. Is é tionchar an athraithe ar an mbeartas cuntasaíochta méadú €2.9 milliún ar fhigiúr inchomparáide ioncaim ó dholaí 2011, mar aon le méadú €3.8 milliún ar fhigiúr ioncaim ó dholaí 2012.

5 Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla

Is ionann íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le tógáil, feabhsú, cothabháil agus bainistíocht bóithre agus na deontais iarbhír a íocadh sa bhliain.

6 Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí

D'iontráil an tÚdarás i líon conarthaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí do thógáil agus/nó oibriú bóithre. Faoi na conarthaí seo, déanann an tÚdarás íocaíochtaí leis an oibreoir CPP maidir le tógáil agus/nó oibriú an bhóthair. Gearrtar an caiteachas seo ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais (féach nóta 18). Anuas air sin, déanann roinnt conarthaí soláthar d'íocaíochtaí breise, má thiteann na méideanna tráchta faoi bhun leibhéil shonraithe (íocaíochtaí ráthaíochta tráchta).

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh an tÚdarás bheith i dteideal sciar den ioncam a fháil a thuilleann an t-oibreoir. Aithnítear é seo mar ioncam ó dholaí.

Aithníonn an tÚdarás gach íocaíocht le hoibreoirí CPP agus ó na hoibreoirí CPP de réir mar a bhíonn siad dlite le híoc.

D'aithin an tÚdarás, go stairiúil, íocaíochtaí ráthaíochta tráchta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a íocadh iad. Theastaigh athshonrú fhigiúirí 2011 ón athrú a tháinig sa bheartas cuntasaíochta. Is é tionchar an athraithe ar an mbeartas cuntasaíochta méadú €2.9 milliún ar fhigiúr inchomparáide, 2011, mar aon le laghdú €1.7 milliún i dtaca le figiúr 2012 ar chaiteachas Oibriúchán Scéim Comhpháirtíochta Phríobháidí Poiblí.

7 Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta ar costas lúide dímheas carnach. Léirítear dímheas ar bhonn líne dhíreach ar na rátaí a luaitear thíos, a mheastar a laghdaíonn na sócmhainní chuig a nglanluachanna inréadaithe ag deireadh a saolréanna ionchasacha úsáide:

Troscán, Daingneáin agus Feistis	**10%**
Trealamh (gan Trealamh Ríomhaire a áireamh)	**15%**
Trealamh Ríomhaire	**25%**
Trealamh Leictreonach	**10%-20%**
Comharthaíocht Threoch	**5%**
Trealamh Sábháilteachta agus Éagsúil	**10%**
Limistéir Sheirbhíse	**3%**
Iostaí Cothabhála	**3%**
Sócmhainní eFlow an M50	**5% / is ann don chonradh**

Go dtí 2012, gearradh caiteachas maidir le roinnt earraí caipitiúla ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain inar fabhraíodh an caiteachas. Rinne an tÚdarás an cinneadh (amhail a leagtar amach thuas) chun an beartas seo a leasú agus chun na sócmhainní seo a aithint atá ar a gClár Comhardaithe. Bhain an caiteachas le ceannach trealamh leictreach, comharthaí treocha, trealamh sábháilteachta, foirgnimh limistéar seirbhíse, iostaí cothabhála agus sócmhainní eFlow an M50. Rinneadh figiúirí inchomparáide 2011 a athshonrú.

- Tháinig méadú €95.9 milliún ar luach na sócmhainní seasta a tuairiscíodh ag deireadh 2011.
- Tháinig laghdú €28.9 milliún ar chaiteachas 2011 i dtaca leis na catagóirí sócmhainní seo (a gearradh ar chaiteachas in 2011)
- Tá méadú €95.9 milliún tagtha ar an tsuim chaipitiúil ag deireadh 2011.
- Is é méadú €11.5 milliún ar shócmhainní seasta agus ar an gcuntas caipitiúil an tionchar a bhí ag an athrú le haghaidh 2012.

8 Stoic

Déantar gach ní intomhalta a dhíscríobh i mbliain an cheannaigh.

9 Aoisliúntas

Oibríonn an tÚdarás scéim phinsin sochair shainithe a dhéantar a chistiú ar bhonn bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthair an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranníocaíochtaí arna n-asbhaint ó thuarastail foirne.

Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta. Léiríonn Costais Phinsin sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin na foirne, a choimeádann an tÚdarás. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sí inghnóthaithe, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ó athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí i Ráiteas na nGnóthachain agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán don Bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Léiríonn Dliteanais Phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn Cistiú Iarchurta Pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le haisghabháil sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

10 An Cuntas Caipitiúil

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil an tsuim neamhamúchta d'ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

FORBAIRT AGUS COTHABHÁIL BÓITHRE
AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012

Ioncam	Nóta	2012 €	2011 Athshonraithe €
Deontais Stáit:			
Tógáil agus Feabhsú Bóithre Náisiúnta	1	605,000,000	674,000,000
Tógáil agus Feabhsú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	1	281,000,000	343,000,000
Cothabháil agus Bainistíocht Bóithre Náisiúnta	1	42,267,000	48,900,000
Cothabháil agus Bainistíocht Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	1	96,329,184	109,643,656
Oibríochtaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí	1	74,467,000	81,341,624
Aisíocaíochtaí Deontais	2	2,506,668	3,960,259
Ioncam ó Dholaí	3	101,446,561	100,694,521
Fáltais Éagsúla	4(a)	1,053,044	1,798,181
		1,204,069,457	1,363,338,241
Aistriú chuig an gCuntas Caipitiúil	5	(16,973,252)	(29,089,468)
		1,187,096,205	1,334,248,773
Caiteachas			
Tógáil agus Feabhsú Bóithre	17(a)	776,028,581	849,709,241
Cothabháil agus Bainistíocht Bóithre	17(b)	138,833,889	161,195,604
Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí agus Dolaí	18	242,708,594	327,647,482
Easnamh ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		0	584,997
Dímheas	13	7,764,122	6,247,842
		1,165,335,186	1,345,385,166
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		21,761,019	(11,136,393)
(Easnamh) ag Tús na Bliana amhail a luadh roimhe seo		(8,380,275)	
Coigeartú na Bliana Roimhe Seo		12,569	
(Easnamh)/Barrachas ag Tús na Bliana arna Athshonrú		(8,367,706)	2,768,687
Barrachas/(Easnamh) ag Deireadh na Bliana		13,393,313	(8,367,706)

Tá na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.
Thar cheann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

26 Meán Fómhair 2013

RIARACHÁN
AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012

	Nóta	2012 €	2011 €
Ioncam			
Deontais Stáit		12,877,000	13,748,000
Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean	8(c)	2,898,350	3,375,311
Fáltais Éagsúla	4(b)	127,470	150,725
		15,902,820	17,274,036
Aistriú ón gCuntas Caipitiúil	5	308,741	296,939
		16,211,561	17,570,975
Caiteachas			
Tuarastail agus ÁSPC	6	8,937,932	9,584,294
Costais Phinsin	8(a)	4,206,264	4,021,534
Taisteal		497,501	509,917
Costais Riaracháin Eile	9	741,558	913,323
Costais Chóiríochta	10	1,798,937	1,797,693
Dímheas	13	383,781	448,797
Táillí agus Costais na Stiúrthóirí	7	51,015	78,504
		16,616,988	17,354,062
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		(405,427)	216,913
Barrachas ag Tús na Bliana		430,850	213,937
Barrachas ag Deireadh na Bliana		25,423	430,850

Tá na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar cheann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

26 Meán Fómhair 2013

RÁITEAS NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA IOMLÁN
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012

	Nóta	2012 €	2012 €	2011 € Athshonraithe	2011 € Athshonraithe
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain					
- Forbairt agus Cothabháil Bóithre			21,761,019		(11,136,393)
- Riarachán			(405,427)		216,913
Gnóthachain ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	8(d)	3,642,350		2,235,311	
Athruithe ar Thoimhdí faoin Luach Reatha atá ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	8(d)	(4,937,000)		(5,208,000)	
Caillteanas Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	8(b)	(1,294,650)		(2,972,689)	
Coigeartú an Chistithe Iarchurtha Pinsin		1,294,650	0	2,972,689	0
Gnóthachan/(Caillteanas) Aitheanta Iomlán don Bhliain			21,355,592		(10,919,480)
Coigeartú na Bliana Roimhe Seo			12,569		
Gnóthachan Aitheanta Iomlán ón tuarascáil bhliantúil deiridh			21,368,161		

Gluaiseacht sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais

	2012 €	2011 € Athshonraithe
Na Cuntais Ioncaim agus Caiteachais amhail an 1 Eanáir	(7,936,856)	2,982,624
Gnóthachan/(Caillteanas) Aitheanta Iomlán don Bhliain	21,355,592	(10,919,480)
Na Cuntais Ioncaim agus Caiteachais amhail an 31 Nollaig	13,418,736	(7,936,856)

Tá na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar cheann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

26 Meán Fómhair 2013

AN CLÁR COMHARDAITHE
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2012

Sócmhainní Seasta	Nóta	2012 €	2012 €	2011 € Athshonraithe	2011 € Athshonraithe
Sócmhainní Inláimhsithe	13		116,146,062		99,481,551
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	11	9,881,760		11,922,125	
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc		28,574,585		3,240,538	
		38,456,345		15,162,663	
Lúide Dliteanais Reatha					
Creidiúnaithe agus Fabhruithe: Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	12	(25,037,609)		(23,099,519)	
Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)			13,418,736		(7,936,856)
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Phinsin			129,564,798		91,544,695
Glandliteanais Phinsin	8(b)		(60,154,000)		(55,961,000)
Cistiú Iarchurtha Pinsin	8(c)		60,154,000		55,961,000
Glansócmhainní Iomlána			129,564,798		91,544,695
Arna léiriú ag:					
An Cuntas Caipitiúil	5		116,146,062		99,481,551
Na Cuntais Ioncaim agus Caiteachais:					
Forbairt agus Cothabháil Bóithre		13,393,313		(8,367,706)	
Riarachán		25,423		430,850	
			13,418,736		(7,936,856)
			129,564,798		91,544,695

Tá na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.
Thar cheann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

26 Meán Fómhair 2013

AN RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012

Réiteach an Ghlanbharrachais/(Easnaimh) Oibriúcháin chuig Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	Nóta	2012 €	2011 € Athshonraithe
Barrachas(Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			
– Forbairt agus Cothabháil Bóithre		21,761,019	(11,136,393)
– Riarachán		(405,427)	216,913
Aistriú chuig an gCuntas Caipitiúil			
– Forbairt agus Cothabháil Bóithre	5	16,973,252	29,089,468
– Riarachán	5	(308,741)	(296,939)
Ús Bainc	4	(68,957)	(71,388)
Easnamh ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		0	584,997
Muirear Dímheasa	13	8,147,903	6,696,639
Laghdú ar Fhéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	11	2,040,365	8,337,450
Méadú ar Chreidiúnaithe agus Fabhruithe	12	1,938,090	5,470,827
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúch		50,077,504	38,891,574

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		50,077,504	38,891,574
Toradh ar Infheistíocht:			
Ús Bainc	4	68,957	71,388
Gníomhaíochtaí Infheistíochta:			
Sócmhainní Inláimhsithe a Fháil	13	(24,812,414)	(36,309,168)
Diúscairt Sócmhainní Inláimhsithe		0	235,003
Glan-Eisreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(24,812,414)	(36,074,165)
Bainistíocht Acmhainní Leachtacha:			
Méadú ar Éarlaisí Gearrthéarmacha		(21,541,392)	(1,205,722)
Méadú ar Airgid		3,792,655	1,683,075

Réiteach an Ghlansreafa Airgid do Ghluaiseacht sna Glanchistí

Méadú ar Airgid	3,792,655	1,683,075
Méadú ar Éarlaisí Gearrthéarmacha	21,541,392	1,205,722
Gluaiseacht sna Glanchistí	25,334,047	2,888,797
Glanchistí amhail an 1 Eanáir	3,240,538	351,741
Glanchistí amhail an 31 Nollaig	28,574,585	3,240,538

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar cheann an Údaráis: Cormac O'Rourke, Cathaoirleach — Fred Barry, Príomhfheidhmeannach

26 Meán Fómhair 2013

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012

1 Deontais Stáit – Forbairt agus Cothabháil Bóithre

Fuarthas deontais Stáit ar fiú €1,099 milliún iad (2011: €1,256.9 milliún) in 2012 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Déanann an AE roinnt de chlár forbartha agus cothabhála an Údaráis a pháirtchistiú faoi Chlár Chistí Struchtúrtha na hÉireann 2007-2013. In 2012 fuair an Lárchiste €0 (2011: €3.1 milliún) i dtaca le tréimhsí roimh 2012 ón AE maidir le Clár Oibríochtúil Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus rinneadh €0.1 milliún a fháil i dtaca leis an gClár Líonra Iompair Thras-Eorpaigh le haghaidh 2012 agus tréimhsí roimhe sin (2011: €1.1 milliún). Anuas air sin, fuair an Lárchiste €2.2 milliún i bhfáltais an Chiste Chomhtháite in 2012 (2011: €0) maidir leis an íocaíocht deiridh ar thionscadal Lios na Lao-Bhaile Brigín.

2 Aisíocaíochtaí Deontais

	2012 €	2011 €
Tógáil agus Feabhsú Bóithre Náisiúnta	2,428,057	3,595,101
Cothabháil agus Bainistíocht Bóithre Náisiúnta	26,355	141,886
Tógáil agus Feabhsú Bóithre Réigiúnacha	52,256	223,272
	2,506,668	3,960,259

3 Ioncam ó Dholaí

	2012 €	2011 € Athshonraithe
Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath	9,736,739	10,299,095
eFlow an M50	91,079,441	89,651,858
M4 Chill Choca/Chionn Átha Gad	630,381	743,568
	101,446,561	100,694,521

Léiríonn Ioncam ó Dholaí:

a) Dolaí a tuilleadh, glan ó íocaíochtaí idir-inoibritheachta atá le híoc, muirir agus CBL, ag Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus dolaí gan bhacainn eFlow an M50

b) sciar den ioncam atá dlite faoi théarmaí an chonartha CPP le haghaidh scéim M4 Chill Choca/Chionn Átha Gad.

Léiríonn ioncam €9.1 milliún ó dholaí atá infhaighte ag deireadh na bliana maidir le Calafort Bhaile Átha Cliath agus eFlow an M50 na suimeanna a íocfaidh oibreoirí dolaí leis an Údarás. Ní áirítear leis seo muirir dholaí €3.9 milliún (2011: €4.1 milliún) le haghaidh eFlow a mheasann an t-oibreoir dolaí nach bhfuil inbhailithe.

Cáin Bhreisluachama – Ioncam ó Dholaí

Thug an tÚdarás fógra do na Coimisinéirí Ioncaim i bhFeabhra 2012 gur mhian leo rialáil na gCoimisinéirí Ioncaim a achomharc go bhfuil dolaí a ghearrann comhlacht poiblí faoi réir CBL, a tháinig i bhfeidhm amhail ón 1 Iúil 2010. Ar feitheamh réiteach an achomhairc seo, leanann an tÚdarás costas ghné an CBL a fhabhrú laistigh de na muirir reatha dholaí agus leanann siad le gné CBL an ioncaim ó dholaí a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

4 Fáltais Éagsúla

	2012 €	2011 € Athshonraithe
a) Forbairt agus Cothabháil Bóithre:		
Ús Éarlaise	62,079	62,757
Ioncam Éagsúil	153,557	224,990
Ioncam ó Roinnt Riosca Árachais	126,068	910,627
Roinnt Ioncaim Limistéar Seirbhíse Mótarbhealaigh	711,340	599,807
	1,053,044	1,798,181

Ioncam ó Roinnt Riosca Árachais Is éard atá i gceist leis seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar chostais árachais roinnt scéimeanna CPP gach trí bliana agus, ag brath ar thoradh an athrbhreithnithe, d'fhéadfaí cúiteamh a íoc leis an Údarás nó d'fhéadfadh go mbeadh ar an Údarás cúiteamh a íoc. Mar thoradh ar athbhreithnithe faoinar tugadh in 2012, tá an tÚdarás le €126,068 a fháil ó scéim N25 Phort Láirge in 2013, cé nach raibh aon suimeanna le híoc ag an Údarás.

Roinnt Ioncaim Limistéar Seirbhíse Mótarbhealaigh: D'iontráil an tÚdarás i gConradh CPP le haghaidh Limistéir Seirbhíse Mótarbhealaigh ar an M1 agus an M4. Áirítear leis an gconradh forálacha um roinnt ioncaim. B'ionann an t-ioncam a bhí dlite le haghaidh 2012 agus €711,340 (2011: €599,807).

	2012 €	2011 €
b) Riarachán:		
Ús Éarlaise	6,878	8,631
Tástáil Ábhar Bóithre	32,817	32,344
Díol Foilseachán	5,069	19,611
Ioncam Éagsúil	82,706	90,139
	127,470	150,725

5 An Cuntas Caipitiúil

	€	€ Athshonraithe
Amhail an 1 Eanáir 2012		99,481,551
Ioncam a Úsáidtear chun Sócmhainní Seasta a Cheannach – Riarachán	75,040	
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní – Riarachán	(383,781)	(308,741)
Ioncam a Úsáidtear chun Sócmhainní Seasta a Cheannach – Forbairt agus Cothabháil Bóithre	24,737,374	
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní – Forbairt agus Cothabháil Bóithre	(7,764,122)	16,973,252
Amhail an 31 Nollaig 2012		116,146,062

6 Tuarastail agus ÁSPC

	2012 €	2011 €
Tuarastail	8,272,452	8,908,552
ÁSPC Fostóra	665,480	675,742
	8,937,932	9,584,294

Asbhaineadh an Tobhach Pinsin €646,520 (2011: €680,779) agus íocadh é leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Áirítear leis na tuarastail thuas an luach saothair a leanas maidir leis an bPríomhfheidhmeannach:

	2012 €	2011 €
Tuarastal	248,803	256,803
Ranníocaíocht Phinsin	51,361	51,361
Liúntas Gluaisteáin	13,753	13,753
	313,917	321,917

Ní comhalta é an Príomhfheidhmeannach de Scéim Aoisliúntais an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Déantar ranníocaíocht phinsin do chiste pearsanta scoir ar ráta 20% den tuarastal.

7 Táillí agus Costais na Stiúrthóirí

	2012 €	2011 €
a) Táillí na Stiúrthóirí	47,992	72,373
b) Costais na Stiúrthóirí	3,023	6,131
	51,015	78,504

(a) Táillí atá dlite do Stiúrthóirí le linn na bliana:

	2012 €	2011 €
Fred Barry (Príomhfheidhmeannach)	0	6,419
Peter Malone (Cathaoirleach)	11,970	11,970
Cormac O'Rourke	1,750	0
Anne Butler	6,419	7,695
Gary Comiskey	2,426	0
Jacqueline Cross	7,695	7,695
James Donlon	5,918	6,292
Eric Fleming	0	7,340
Clifford Kelly	4,119	7,695
Colm Lonergan	0	7,340
Eugene Moore	0	2,232
David O'Connor	0	0
Margaret O'Mahony	0	0
Robert Rowan	7,695	7,695
Declan Walsh	0	0
	47,992	72,373

Ghníomhaigh Declan McDonagh, nach Stiúrthóir é, mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchta. In 2012, rinne an tUasal McDonagh an táille a bhí dlite dó maidir leis na blianta 2009-2012 a tharscaoileadh.

(b) B'ionann na costais a íocadh le linn na bliana agus €3,023 (2011: €6,131), ina raibh muirir mhíleáiste agus chothabhála. Fabhraíodh costais a íocadh le Fred Barry le linn na bliana ina phost mar Phríomhfheidhmeannach seachas mar Chomhalta den Bhord.

(c) Ní fhaigheann Fred Barry, Príomhfheidhmeannach, táille a thuilleadh chun seirbheáil ar an mBord le héifeacht ón 1 Samhain 2011.

8 Costais Phinsin

a) Anailís ar na Costais Iomlána Phinsin a Gearradh ar Chaiteachas

	2012 €	2011 €
Costas Reatha Seirbhíse	1,758,000	1,702,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	2,859,000	2,790,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(410,736)	(470,466)
	4,206,264	4,021,534

b) Gluaiseacht ar Ghlandliteanas Pinsin le linn na Bliana Airgeadais

	2012 €	2011 €
Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	55,961,000	49,613,000
Costas Reatha Seirbhíse	1,758,000	1,702,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	2,859,000	2,790,000
Caillteanas Achtúireach	1,294,650	2,972,689
Pinsin a íocadh sa bhliain	(1,718,650)	(1,116,689)
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	60,154,000	55,961,000

c) Cistiú Iarchurtha Pinsin

Aithníonn an tÚdarás suimeanna atá le híoc ag an Stát leo ar an dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn sraith toimhdí ag nóta 8(e) mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéime pinsin agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an cistiú seo leis na suimeanna sin a chomhlíonadh i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

B'ionann an leanas an Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithníodh sa Chuntas Ioncam agus Caiteachas Riaracháin:

	2012 €	2011 €
Cistiú atá Inghnóthaithe i dtaca le Costais Phinsin na Bliana Reatha	4,617,000	4,492,000
Úsáideadh an Deontas Stáit chun Pinsinéirí a Íoc	(1,718,650)	(1,116,689)
	2,898,350	3,375,311

B'ionann an tsócmhainn iarchurtha chistithe le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2012 agus €60,154,000 (2011: €55,961,000).

d) Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe

	2012 €	2011 €	2010 €	2009 €
Oibleagáidí Sochair Shainithe	(60,154,000)	(55,961,000)	(49,613,000)	(48,913,000)
Gnóthachain/(Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime	3,642,350	2,235,311	4,765,252	(4,612,973)
Céatadán na nDliteanas Scéime	6.1%	4.0%	9.7%	(9.4%)
Caillteanais Toimhde ar Dhliteanais Scéime	(4,937,000)	(5,208,000)	(2,275,000)	(1,743,000)
Céatadán na nDliteanas Scéime	(8.2%)	(9.3%)	(4.6%)	(3.6%)

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán agus €19,529,373 (2011: €18,234,723).

e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsean tuarastail deiridh sochair shainithe atá sa scéim pinsin ag a bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha 'samhla' scéim na hearnála poiblí. Cuireann an scéim seo pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí ar fáil. Is í an ghnáthaois scoir breithlá 65 bliain d'aois comhalta agus tá comhaltaí atá ina gcomhaltaí ó thráth roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 bliain d'aois. Is gnách go méadaítear pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS17 (Leasaithe) ar luacháil iomlán achtúireach (Feabhra 2013) ag achtúire cáilithe neamhspleách a chuir ceanglais FRS17 (Leasaithe) san áireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na dliteanais scéime amhail an 31 Nollaig 2012.

B'ionann a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

	2012	2011
Méaduithe Tuarastail Amach Anseo	3.00%	3.50%
Méaduithe Pinsin Amach Anseo	2.50%	3.50%
Ráta Lascaine	3.75%	5.00%
Boilsciú Amach Anseo	2.00%	2.00%
Méaduithe Pinsean Stáit Amach Anseo	2.00%	3.50%

Cuireann an bonn mortlaíochta a glacadh feabhsúcháin ar ionchas saoil le himeachta ama san áireamh, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ar an mbliain ina mbaineann comhalta aois scoir amach (aois 65). Léiríonn an tábla thíos an t-ionchas saoil le haghaidh comhaltaí a bhaineann aois 65 amach in 2012 agus 2032.

An Bhliain ina mbaintear Aois 65 amach	**2012**	**2032**
Ionchas Saoil – Fir	87.3	89.9
Ionchas Saoil – Mná	88.7	90.9

9 Costais Riaracháin Eile

	2012 €	2011 €
Guthán agus Postas	118,830	139,606
Cló agus Páipéarachas	42,818	104,536
Muirir Ríomhaire	290,356	313,405
Táillí Iniúchta	17,690	22,495
Leabhair agus Tréimhseacháin	26,731	28,160
Árachais	27,432	27,298
Deisiúcháin agus Cothabháil – Trealamh	8,926	10,163
Nithe Éagsúla	138,395	167,590
Forbairt/Cúrsaí Foirne	84,991	82,710
Táillí Comhairleoireachta	(14,611)	17,360
	741,558	913,323

San áireamh sna costais éagsúla tá suimeanna €1,307 ar an iomlán a bhaineann le lón Nollag an Bhoird, €1,650 a bhaineann le cóisir scoir chomhalta foirne agus €2,539 a bhaineann le bronntanais scoir do chomhaltaí an Bhoird.

10 Costais Chóiríochta

	2012 €	2011 €
Cíos, Rátaí agus Seirbhísí	1,636,369	1,632,211
Soilsiú agus Teas, Glantachán	137,213	139,017
Deisiúcháin, Cothabháil agus Slándáil	25,355	26,465
	1,798,937	1,797,693

11 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	2012 €	2011 € Athshonraithe
Féichiúnaithe	9,336,138	11,163,865
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe	545,622	758,260
	9,881,760	11,922,125

Bíonn gach Féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin. Áirítear leis an tsuim a léirítear le haghaidh Féichiúnaithe drochsholáthar fiachais €3.9 milliún (2011: €4.1 milliún)

12 Creidiúnaithe agus Fabhruithe

	2012 €	2011 € Athshonraithe
Tuarastail	305,660	376,250
Creidiúnaithe agus Costais Eile	24,731,949	22,723,269
	25,037,609	23,099,519

Bíonn gach Creidiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin.

13 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Iomlán	Troscán, Daingneáin agus Feistis	Trealamh	Talamh	Trealamh Leictreach	Comharthaí Treocha	Trealamh Éagsúil agus Sábháilteacht a	Limistéir Sheirbhíse	Iostaí Cothabhála	Sócmhainní eFlow an M50
Costas										
Amhail an 1 Eanáir 2012	116,209,159	2,226,217	1,571,552	2,380,559	17,874,287	32,329,716	897,860	47,309,245	0	11,619,723
Athshonraithe										
Breisiúcháin	24,812,414	0	75,040	5,481,350	9,659,119	6,809,770	12,108	3,518	2,256,128	515,381
Diúscairtí	(118,395)	(4,150)	(114,245)	0	0	0	0	0	0	0
Amhail an 31 Nollaig 2012	140,903,178	2,222,067	1,532,347	7,861,909	27,533,406	39,139,486	909,968	47,312,763	2,256,128	12,135,104
Dímheas										
Amhail an 1 Eanáir 2012	16,727,608	1,289,172	1,346,835	0	4,323,145	3,777,707	421,593	2,570,624	0	2,998,532
Athshonraithe										
Arna sholáthar	8,147,903	257,914	125,867	0	2,854,935	1,956,974	90,997	1,577,092	75,204	1,208,920
Diúscairtí	(118,395)	(4,150)	(114,245)	0	0	0	0	0	0	0
Amhail an 31 Nollaig 2012	24,757,116	1,542,936	1,358,457	0	7,178,080	5,734,681	512,590	4,147,716	75,204	4,207,452
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2012	116,146,062	679,131	173,890	7,861,909	20,355,326	33,404,805	397,378	43,165,047	2,180,924	7,927,652
Glanluach Leabhar amhail an 31 Eanáir 2011 Athshonraithe	99,481,551	937,045	224,717	2,380,559	13,551,142	28,552,009	476,267	44,738,621	0	8,621,191

14 Cánachas

Déanann Alt 32 den Acht Airgeadais, 1994 an tÚdarás a dhíolúnú ó bhreis cánachais ar a n-ioncam úis agus cíos a sháraíonn é sin a asbhaintear ag an bhfoinse. Níor eascair aon dliteanas breise cánach i gcaitheamh na bliana.

15 Gealltanais

a) Gealltanais Airgeadais

a. D'iontráil an tÚdarás i léas fiche bliain ón 1 Eanáir 1996 i leith i dtaca le cóiríocht ag Teach Naomh Máirtín, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4, faoi réir athbhreithnithe cúig bliana ar chíos. Is ionann an cíos iníoctha ón 1 Eanáir 2011 i leith agus €1,075,000 sa bhliain.

b. D'iontráil an tÚdarás i léas naoi mbliana agus aon mhí dhéag ón 1 Eanáir 2006 i leith i dtaca le cóiríocht ag Teach Kildress, Bóthar Pembroke, Baile Átha Cliath 2, faoi réir athbhreithnithe cúig bliana ar chíos. Is ionann an cíos iníoctha ón 1 Eanáir 2011 i leith agus €211,826 sa bhliain.

c. D'iontráil an tÚdarás i léas fiche bliain ón 1 Márta 2004 le Comhairle Contae Dhún na nGall maidir le cóiríocht le haghaidh Oifig Bhóithre Náisiúnta Dhún na nGall. Is ionann an cíos agus €226,648 sa bhliain.

d. Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar ranníocaíocht sheasta a thabhairt do Chomhairle Contae Ros Comáin gach bliain maidir le cóiríocht le haghaidh Oifig Bhóithre Náisiúnta Ros Comáin.

e. Tá an tÚdarás tiomanta do ranníocaíocht sheasta €183,200 a thabhairt do Chomhairle Contae Chorcaí gach bliain ar feadh deich mbliana ón 1 Eanáir 2003 i leith maidir le cóiríocht le haghaidh Oifig Bhóithre Náisiúnta Chorcaí.

f. Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar ranníocaíocht sheasta €105,134 a thabhairt do Chomhairle Contae na hIarmhí gach bliain maidir le cóiríocht le haghaidh Oifig Bhóithre Náisiúnta na hIarmhí.

g. Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar ranníocaíocht sheasta €82,800 a thabhairt do Chomhairle Contae Mhaigh Eo gach bliain maidir le cóiríocht le haghaidh Oifig Thionscadal Mhaigh Eo.

h. D'iontráil an tÚdarás i léas naoi mbliana agus naoi mí le Comhairle Contae Phort Láirge ón 1 Eanáir 2005 i leith maidir le cóiríocht le haghaidh Oifig Bhóithre Náisiúnta Phort Láirge. Is ionann an cíos agus €47,770 sa bhliain. Ina theannta sin, déantar ranníocaíocht, €52,897 in 2012, le costas feabhsúchán.

i. Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar ranníocaíocht sheasta €21,278 a thabhairt do Chomhairle Contae Chiarraí gach bliain, mar aon le €1,000 sa bhreis sa bhliain i dtaca le háiseanna bainteacha stórála maidir le cóiríocht le haghaidh Oifig Thionscal Náisiúnta Chiarraí.

j. Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar ranníocaíocht sheasta €106,725 a thabhairt do Chomhairle Contae Luimnigh gach bliain maidir le cóiríocht le haghaidh Oifig Bhóithre Náisiúnta Luimnigh.

k. Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar ranníocaíocht sheasta €59,189 a thabhairt do Chomhairle Contae na Gaillimhe gach bliain maidir le cóiríocht le haghaidh Oifig Thionscadal na Gaillimhe.

l. Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar ranníocaíocht sheasta €184,000 a thabhairt do Chomhairle Contae Chill Dara gach bliain ar bhonn bliain ar bhliain le tréimhse fógra dhá bhliain ag tosú ón 1 Eanáir 2011 i leith maidir le cóiríocht le haghaidh Oifig Bhóithre Náisiúnta Chill Dara.

b) Gealltanais Chun Cinn

Ceanglaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoin gCreatlach Infheistíochta Caipitiúla, go bhforbraítear plean ilbhliantúil cistithe ag tús gach bliana. Bunófar na tuartha a chuimseofar laistigh den phlean sin ar an leibhéal gealltanas conarthach a dhéantar in 2012 agus i mblianta roimhe sin maidir le blianta dá éis sin, gan tairsí áirithe sonraithe a shárú. Rinne an tÚdarás anailís ar ghealltanais chun cinn, ar costais tuartha iad atá faoi réir athrúcháin chandamacha agus tráthúlachta, ó ghealltanais chonarthacha a rinneadh in 2012 agus i mblianta roimhe sin agus sonraítear thíos iad.

Bliain	Gealltanas € milliún	Tuar % (de Liúntas 2012)	Ar fáil % (de Liúntas 2012)
2013	278	46%	85%
2014	220	36%	75%
2015	170	28%	60%
2016	155	26%	45%

c) Gealltanais Chun Cinn Comhpáirtíochta Príobháidí Poiblí

	Suim Ainmniúil € milliún
N25 Sheachbhóthar Chathair Phort Láirge	72.7
N18 Thollán Luimnigh	53.0
Uasghrádú an M50	868.6
N6 ma Gaillimhe/Bhéal Átha na Sluaighe	137.1
M3 Chluain Aodha/Cheanannais	353.0
M7/M8 Phort Laoise	26.0
M1 Sheachbhóthar Thiar Dhún Dealgan	3.7
N8 Ráth Chormaic/Mhainistir Fhear Maí	34.9
M4/M6 Chill Choca/Chionn Átha Gad	7.0
	1,556.0

Is í an tsuim iomlán €1,556 milliún seo luach neamhlascainithe na ngealltanas seo chun cinn amhail ón 1 Eanáir 2013 agus glactar le boilsciú 3% sa bhliain agus ní áirítear íocaíochtaí maidir le ceannach amach an M50 agus íocaíochtaí Athraitheacha Oibríochtúla.

Sholáthair dhá chonradh CPP (M3 Chluain Aodha/Cheanannais agus N18 Thollán Luimnigh) íocaíochtaí breise don oibreoir CPP, áit ar thit méideanna tráchta faoi bhun leibhéil shonraithe. Bhí íocaíochtaí €7.5 milliún dlite le haghaidh 2012 (2011 €6.3 milliún).

Ní dhearna an tÚdarás meastachán ar íocaíochtaí ráthaíochta tráchta amach anseo, ach is dócha go mbeidh siad dlite don tréimhse intuartha amach anseo.

16 Comhaltaí an Bhoird – Dearbhú Leasa

Ghlac Bord an Údaráis le nósanna imeachta i gcomhréir le hAlt 40 d'Acht na mBóithre, 1993 i dtaca le nochtadh leasa ag Comhaltaí an Bhoird agus a gcuid ainmnithe agus cloíodh leis na nósanna imeachta sa bhliain. Níorbh aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag aon Chomhalta den Bhord nó a gcuid ainmnithe.

17 Caiteachas

a) Tógáil agus Feabhsú Bóithre

	2012 €	2011 € Athshonraithe
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Náisiúnta	455,266,841	463,397,245
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	279,931,861	343,223,272
Íocaíochtaí Eile	40,829,879	43,088,724
	776,028,581	849,709,241

b) Cothabháil agus Bainistíocht Bóithre

	2012 €	2011 € Athshonraithe
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Náisiúnta	35,090,622	34,685,473
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	94,769,100	104,585,879
Íocaíochtaí Eile	8,974,167	21,924,252
	138,833,889	161,195,604

18 Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí agus Dolaí

		2012 €	2011 € Athshonraithe
Costais Choimhdeacha	a)	8,897,342	11,385,658
Íocaíochtaí Tógála Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí	b)	46,319,073	86,926,596
Costais Oibriúcháin Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí	c)	93,764,731	133,787,198
Ceannach Amach an M50	d)	50,296,814	49,007,243
Oibriú agus Dolaí Thollán an Údaráis	e)	43,430,634	46,540,787
		242,708,594	327,647,482

a) Costais Choimhdeacha

Baineann na costais choimhdeacha a fabhraíodh le pleanáil scéime, maoirsiú scéime, seirbhísí airgeadais, dlí agus teicniúla, seirbhísí idir-inoibritheachta dolaí, fógraí reachtúla agus margaíocht.

b) Íocaíochtaí Tógála na Scéime Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

	2012 €	2011 € Athshonraithe
N18 Thollán Luimnigh	0	296,037
Uasghrádú an M50	525,198	4,220,816
N6 na Gaillimhe/Bhéal Átha na Sluaighe	45,750,000	82,048,584
M3 Chluain Aodha/Cheanannais	43,875	325,000
Limistéir Sheirbhíse Mótarbhealaigh	0	36,159
	46,319,073	86,926,596

N18 Thollán Luimnigh

Bronnadh conradh CPP Thollán Luimnigh ar chuibhreannas an Bhealaigh Dhírigh (Luimneach) ar bhonn deonaíochta 35 bliain an 18 Lúnasa 2006.

Is éard a bhí i gceist le Scéim CPP Thollán Luimnigh thart ar 10km de dhébhealach nua a thógáil, mar aon le nascbhóithre bainteacha agus taobh-bhóithre. Tollán tumtha feadáin a bhí sa tollán a thrasnaigh an tSionainn, a bhí thart ar 0.9km ar fhad, agus a nasc baile fearainn Ó Cuanach ar an mbruach thuaidh le baile fearainn Bhun Leice ar bhruach theas na Sionainne. Osclaíodh an scéim, ar a ngearrtar dolaí idir acomhal 2 agus 4, don trácht in Iúil 2010.

Uasghrádú an M50

Bronnadh Uasghrádú CPP an M50 i Meán Fómhair 2007 ar chuibhreannas ICON a bhunaigh M50 (Concessions) Limited.

Is éard a bhí i gceist le Conradh CPP Uasghrádú an M50 leathnú 24km den M50 ó dheas ó acomhal Thurnapain M1/M50 go dtí acomhal an N3 agus ó dheas ó acomhal Ballymount go dtí acomhal Áth an Ghainimh, lena n-áirítear uasghrádú acomhal feadh na stráicí seo. Bronnadh Conradh CPP Uasghrádú an M50 an 27 Meán Fómhair 2007 le tréimhse chonartha 35 bliain. Thit oscailt oifigiúil na stráicí uasghrádaithe den M50 i Meán Fómhair 2010.

Anuas ar chonradh CPP Uasghrádú an M50, bronnadh conarthaí ar leith chun nach mór 8km a leathnú den débhealach príomhúil idir an N4 (Acomhal 7) agus Ballymount (Acomhal 10) mar aon le huasghrádú an N4, an N7 agus acomhail Ballymount anuas ar leathnú 1.3km de mhótarbhealach ó dheas ó acomhal an N3, agus tugadh an obair go léir seo chun críche in 2008. Gearrtar dolaí ar an M50 idir Acomhal 6 agus 7 trí chonradh soláthróra leithligh seirbhíse dolaí arna fháil ag an Údarás.

N6 na Gaillimhe/Bhéal Átha na Sluaighe

Bronnadh conradh CPP N6 na Gaillimhe/Bhéal Átha na Sluaighe ar chuibhreannas N6 (Concessions) Limited an 4 Aibreán 2007. Maireann an conradh ar feadh tréimhse dheonaíochta 30 bliain. Is éard a bhí i gceist leis an scéim thart ar 56km de dhébhealach nua a thógáil, nascbhóthar 7km le seachbhóthar Bhaile Locha Riach, 32km de thaobh-bhóithre agus cúig acomhal ilairde. Síneann an scéim ó Dhabhach Uisce, lastoir de Chathair na Gaillimhe, go dtí N6 reatha Bhéal Átha na Sluaighe i gContae Ros Comáin. Osclaíodh an scéim, ar a ngearrtar dolaí idir acomhal 15 agus 16, don trácht i Nollaig 2009.

M3 Chluain Aodha/Cheanannais

Bronnadh conradh CPP M3 Chluain Aodha/Cheanannais ar chuibhreannas EuroLink. Bronnadh an conradh an 7 Márta 2007 agus mairfidh sé ar feadh 45 bliain, an chéim thógála san áireamh.

Is éard a bhí i gceist leis an scéim a sholáthraíonn seachbhóithre ar Dhún Búinne, Dún Seachlainn, an Uaimh, Ceanannas agus Carn na Ros, ná mótarbhealach a thógáil thart ar 47km ar fhad lena nasctar bóithre coimhdeacha laistigh den líonra reatha bóithre trí acomhail ilairde ag an mBealach, Dún Seachlainn, Baile Bhluindín, Cill an Chairn, Bóthar Bhaile Átha Buí agus Ceanannas. Ina theannta sin, áirítear leis an scéim iomlán 10km de bhóthar nua Débhealaigh an N3 ó Cheannas lastuaidh de Charn na Ros agus 4km de Sheachbhóthar Cheanannais an N52.

Tógadh 4km bhreise de Dhébhealach Náisiúnta den Dara Grád de Chineál 1 mar aon le 40km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Anuas air sin, rinneadh breis agus 100 struchtúr, ina raibh 62 droichead agus lintéir éagsúla agus ballaí coinneála a dheisiú. Osclaíodh an scéim, ar a ngearrtar dolaí idir acomhal 5 agus 6, agus freisin idir acomhal 9 agus 10, don trácht i Meitheamh 2010.

Limistéir Sheirbhíse Mótarbhealaigh

Bronnadh an conradh CPP chun limistéir sheirbhíse a dhearadh, a thógáil agus a oibriú ag trí láthair ar fud líonra an mhótarbhealaigh ar Superstop Ltd. an 8 Deireadh Fómhair 2009 ar feadh tréimhse 25 bliain. Le linn Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2010, osclaíodh limistéir sheirbhíse nua ag trí láthair – Lusca agus Baile an Ghearlánaigh ar an M1 agus ag an mBóthar Buí ar an M4. Is éard atá i ngach limistéar seirbhíse ná forbairt ar an dá thaobh den bhóthar ina bhfuil a mhacasamhail d'áiseanna.

c) Íocaíochtaí Oibriúcháin na Scéime Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

	2012	**2011**
	€	**€**
		Athshonraithe
N25 Sheachbhóthar Chathair Phort Láirge	9,564,454	7,850,434
N18 Thollán Luimnigh	11,250,203	14,226,215
Uasghrádú an M50	20,742,988	25,791,418
N6 na Gaillimhe/Bhéal Átha na Sluaighe	9,858,289	29,157,755
M3 Chluain Aodha/Cheanannais	29,414,393	43,291,338
M7/M8 Phort Laoise	6,629,770	6,532,370
M1 Sheachbhóthar Thiar Dhún Dealgan	183,617	236,950
N8 Ráth Chormaic/Mhainistir Fhear Maí	5,691,621	5,854,985
M4/M6 Chill Choca/Chionn Átha Gad	429,396	845,733
	93,764,731	133,787,198

N25 Sheachbhóthar Chathair Phort Láirge

Bronnadh conradh CPP Sheachbhóthar N25 Chathair Phort Láirge ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Port Láirge) Ltd. an 21 Aibreán 2006. Maireann an conradh ar feadh tréimhse dheonaíochta 30 bliain. Is éard a bhí i gceist leis an scéim seachbhóthar an N25 a thógáil a shíneann ó Chill Mhíodáin i gContae Phort Láirge go dtí Sliabh Rua i gContae Chill Chainnigh. Trasnaíonn an bealach an tSiúir ag an nGreanach agus cuireann seo an dara mórdhroichead ar fáil do Phort Láirge trasna na Siúire agus ligeann sé don trácht ar bhóthar N25 Chorcaí-Ros Láir chun an chathair a sheachaint. Is éard a bhí sa scéim thart ar 23km de dhébhealach, droichead trasna na Siúire thart ar 475m ar fhad agus thart ar 4km de dhébhealach singil a thógáil. Áiríodh leis an gconradh 11km de thaobh-bhóithre breise agus de bhóithre ceangail mar aon le hailíniú iarnróid 2km (iarnród caol gan na hoibreacha rianta a áireamh) i limistéar acomhal an naisc thiar. Osclaíodh an scéim, ar a ngearrtar dolaí, don trácht i nDeireadh Fómhair 2009.

M7/M8 Phort Laoise

Bronnadh conradh CPP M7/M8 Phort Laoise ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Port Laoise). Bronnadh an conradh an 14 Meitheamh 2007 agus mairfidh sé ar feadh tréimhse dheonaíochta 30 bliain. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal, a sholáthraíonn seachbhóithre ar Mhainistir Laoise, Darú, an Chúlchoill, Maighean Rátha, Baile an Chaisleáin agus Buiríos Mór Osraí, mótarbhealach thart ar 41km ar fhad iomlán ar a ngearrtar dolaí. Tá acomhail ilairde ann ag Port Laoise, Buiríos Mór Osraí agus ag Ráth Domhnaigh, mar aon le hacomhal idir dhá mhótarbhealach ag Achadh Bhó. Áiríodh leis an scéim, chomh maith, nascbhóthar nua réigiúnach 3km ón mótarbhealach ar ais go dtí Buiríos Mór Osraí. Tá thart ar 15km de thaobh-bhóithre, 41 droichead bóthair, 5 dhroichead iarnróid, 8 dtrasbhealach abhann ann, lena n-áirítear an Fheoir atá ina habhainn atá íogair i dtaobh an chomhshaoil de agus breis agus 120 linteár agus bealach do mhamaigh. Osclaíodh an scéim, ar a ngearrtar dolaí, don trácht i mBealtaine 2010.

M1 Sheachbhóthar Thiar Dhún Dealgan

Bronnadh conradh CPP Sheachbhóthar Thiar M1 Dhún Dealgan ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Dún Dealgan) Ltd. an 5 Feabhra 2004. Maireann an conradh ar feadh tréimhse dheonaíochta 30 bliain. Is éard a bhí i gceist leis an scéim stráice 11km de bhóthar a thógáil, a oibriú agus a chothabháil, a chruthaíonn cuid de phríomhbhóthar náisiúnta an N1/M1 i gcóngaracht bhaile Dhún Dealgan, Contae Lú, mar aon le thart ar 8km de thaobh-bhóithre agus de bhóithre ceangail.

Tugadh na hoibreacha tógála chun críche in 2005. Áirítear leis an tionscadal oibriú agus cothabháil an mhótarbhealaigh reatha atá thart ar 42km ar fhad, i.e. Seachbhóthar Dhún Léire/Mótarbhealach Dhún Léire/Dhún Dealgan, mar aon le hoibriú agus cothabháil na n-áiseanna dolaí idir acomhal 7 agus 10 ar scéim an M1 (Baile Mhic Gormáin go dtí Mainistir Bhuithe).

N8 Ráth Chormaic/Mhainistir Fhear Maí

Bronnadh conradh N8 Ráth Chormaic/Mhainistir Fhear Maí ar chuibhreannas Direct Route (Mainistir Fhear Maí) Ltd., ina bhfuil Kellogg Brown & Root Ltd., Strabag AG, John Sisk & Son (Holdings) Ltd., Lagan Holdings Ltd., Roadbridge Ltd. mar aon le Chéad Chiste Bonneagair na hÉireann (comhchiste AIB/an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a bunaíodh ar mhaithe le hinfheistiú a dhéanamh i dtionscadail CPP agus i bhforbairtí bonneagair earnála príobháidí in Éirinn agus ar fud na hEorpa). Bronnadh an conradh an 11 Meitheamh 2004 agus mairfidh sé ar feadh tréimhse dheonaíochta 30 bliain. I measc dhualgais chonartha an chuibhreannais tá dearadh, tógáil, cothabháil, oibriú, athinfheistiú agus maoiniú na scéime. Osclaíodh an scéim, ar a ngearrtar dolaí idir acomhal 14 agus 17, don trácht i nDeireadh Fómhair 2006.

M4/M6 Chill Choca/Chionn Átha Gad

Bronnadh Conradh CPP M4/M6 Chill Choca/Chionn Átha Gad ar EuroLink an 24 Márta 2003. Is éard atá i gcuibhreannas EuroLink SIAC Construction Limited agus CINTRA - Concesiones de Infraestrucutras de Transporte, S. A. Mairfidh an conradh ar feadh tréimhse dheonaíochta 30 bliain. Is éard a bhí i gceist leis an scéim thart ar 39km de mhótarbhealach a thógáil, lena n-áirítear 19 dtardhroichead, 7 n-íosdroichead agus 3 íosbhealach. Osclaíodh an scéim, ar a ngearrtar dolaí idir acomhal 8 agus 10, don trácht i Nollaig 2005.

Ráthaíocht Tráchta: Faoi théarmaí conarthaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí, fabhraítear sciar den ioncam don Údarás, faoi réir leibhéil tráchta nó díola a sháraíonn tairsí sonraithe. Anuas air sin, i gcás M3 Chluain Aodha/Cheanannais agus Thollán Luimnigh, is ann do mheicníocht ráthaíochta tráchta ina gceanglaítear ar an Údarás íocaíochtaí a dhéanamh má thiteann an trácht faoi leibhéal áirithe. Gearradh íocaíochtaí ráthaíochta tráchta le haghaidh 2012 arb ionann iad agus €2,492,733 (2011: €1,859,405) i dtaca le M3 Chluain Aodha/Cheanannais agus €4,971,435 (2011: €4,453,978) i dtaca le N18 Thollán Luimnigh ar na cuntais agus áirítear iad sna figiúirí thuas.

d) Ceannach Amach an M50

Léiríonn íocaíochtaí amach an M50 an tsuim a bhí dlite faoi chomhaontú foirceanta WestLink €50,241,312 (2011: €49,179,540) mar aon le híocaíocht Cháin Bhreisluacha €55,502 (2011: refund of €172,297) ar an tsuim foirceanta chonartha a bhí le híoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

e) Oibriú agus Dolaí Thollán an Údaráis

	2012 €	2011 € Athshonraithe
Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath	15,131,514	14,053,495
eFlow an M50	28,216,815	32,341,146
Tollán Jack Lynch	82,305	146,146
	43,430,634	46,540,787

Baineann na costais seo le costais oibriúcháin, costais bhailithe dolaí agus rátaí údaráis áitiúil Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath; costais bhailithe dolaí agus rátaí údaráis áitiúil eFlow an M50 agus costais oibriúcháin Thollán Jack Lynch.

19 Cumasc

D'fhógair an Rialtas go bhfuil sé beartaithe acu an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid a dhíscaoileadh agus chun a bhfeidhmeanna agus a bpearsanra a aistriú go dtí an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. Glacann an Bord leis go leanfar ag tabhairt faoina ngníomhaíochtaí reatha go léir. Faoi na cúinsí seo, ní chreideann siad go dteastaíonn aon choigeartú ar na ráitis airgeadais chun aon athstruchtúrú féideartha a léiriú agus réitigh siad na ráitis airgeadais seo ar bhonn gnóthas leantach.

20 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo an 25 Meitheamh 2013.

Iarchomhaltaí Boird 2012

NRA
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

Peter Malone*
(Iar-Chathaoirleach)

Fred Barry (POF)
(Príomhfheidhmeannach)

Cormac O'Rourke
(Cathoairleach)

Clifford Kelly*

Anne Butler*

Margaret O'Mahony*

Jacqueline Cross

Robert Rowan

James Donlon*

David O'Connor

Declan J Walsh

Gary Comiskey

* "Baill a chríochnaigh a dtéarma ar an gCoiste i 2012"

Iniúchadh agus an Coiste Iniúchta

Tá an tÚdarás faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanann Coiste Iniúchta an Údaráis maoirsiú ar fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh agus cuireann siad comhairle ar an mBord maidir le hoibriú agus le forbairt na feidhme sin. Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile ceithre huaire le linn 2012.

Leagtar amach i bPlean Iniúchta Inmheánaigh 2012, a cheadaigh an Bord agus ar a ndéanann an Coiste Iniúchta monatóireacht, obair an Iniúchta Inmheánaigh don bhliain, lena n-áirítear:

- Iniúchadh inmheánach – amhail a cheanglaítear i gcomhréir le Cód Cleachtais um Rialachas an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

- Athbhreithniú seachtrach – tabhairt faoi athbhreithnithe ar leibhéal an údaráis áitiúil le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an Údaráis um íocaíocht deontais náisiúnta bóithre.

- Iniúchadh AE – tabhairt faoi obair iniúchta ar leibhéal an údaráis áitiúil mar chuid den réiteach agus den dearbhú d'éilimh ar dheontais AE i ndáil le tionscadail bhóithre náisiúnta.

Ina theannta sin, tá ceanglas ar an Údarás tabhairt faoi obair maidir le cláir/tionscadail chomh-mhaoinithe AE. Ní mór don phlean bheith solúbtha a dhóthain le freastal ar shannadh eile, is féidir a shocrú gan mórán fógra.